Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# Clár Ábhair

**Réamhrá ón gCathaoirleach** ..... **4**

**Nóta ón Stiúrthóir** ..... **5**

**An Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas** ..... **6**

**(National Centre for Guidance in Education, NCGE)** ..... Error! Bookmark not defined.

**1. Rialachas NCGE** ..... **8**

Coiste um Threoir a Bhainistiú (Management of Guidance Committee, MGC) de chuid NCGE 2017-2019 ..... 8

Athbhreithniú Indecon de chuid ROS ar Fhaisnéis agus ar Uirlisí Gairme ..... 8

Comhaontú maidir le Comhaontú Seachadta Feidhmíochta (Performance Delivery Agreement, PDA) ..... 8

Fochiste Airgeadais ..... 9

Gníomhaíochtaí Eagraíochta ..... 9

Soláthar Foirne ..... 9

**2. OIDEACHAS BUNSCOILE** ..... **10**

**3. GNÍOMHAÍOCHTAÍ IAR-BHUNSCOILE** ..... **10**

Comhoibriú Feabhsaithe ..... 10

Creat Treorach Scoile Uile (Whole School Guidance Framework, WSGF) – Céim Phíolótach 2 ..... 11

Acmhainní a fhorbairt ..... 11

**4. GNÍOMHAÍOCHTAÍ SAN EARNÁIL BREISOIDEACHAIS AGUS OILIÚNA (Further Education and Training, FET)** ..... **11**

Tacaíochtaí do Seirbhísí Treorach Oideachais do Dhaoine Fásta sna BO&O (Adult Education Guidance Service, AEGS) ..... 11

Grúpaí agus Coistí Comhairleacha ..... 12

Gníomhaíochtaí Eile ..... 13

**4. GNÍOMHAÍOCHTAÍ ARDOIDEACHAIS** ..... **13**

Stiúrthóirí Staidéir sa Treoirchomhairleoireacht (Directors of Studies in Guidance Counselling, DSGC) ..... 13

Gníomhaíochtaí Eile ..... 14

**5. AN EARNÁIL TREORACH SAN EORAIP** ..... **14**

Euroguidance Éireann ..... 14

An Líonra Euroguidance ..... 14

Cuairteanna Staidéir & Foghlaim Phiara ..... 15

Grúpa Comhairleach EUROPASS ..... 17
Grúpa Tagartha Éireannach do Thionscnaimh AE san Oideachas agus san Oiliúint ..... 17
Soláthar Treorach do Scoileanna Eorpacha ..... 17
Gníomhaíochtaí Eile ..... 18
**6. FORBAIRT GHAIRMIÚIL LEANÚNACH (Continuing Professional Development, CPD) ..... 19**
Iar-Bhunscoileanna ..... 19
Breisoideachas agus Oiliúint ..... 21
Euroguidance ..... 21
**7. COISTÍ AGUS GRÚPAÍ OIBRE ..... 22**
Grúpa Stiúrtha ROS um Mhaoirseacht ar Threoirchomhairleoireacht Iar-Bhunscoile ..... 22
Coiste Comhairleach ar Thástáil Shíciméadrach ..... 22
CEDEFOP 'CareersNet' ..... 22
Stiúrthóirí NCGE / BO&OÉ den Ghrúpa FET ..... 23
**8. CRAOBHSCAOILEADH ..... 23**
Príomhshuíomhanna Gréasáin NCGE & Euroguidance Éireann ..... 23
Soláthar acmhainní agus ábhar ar líne don earnáil Iar-Bhunscoile ..... 24
Acmhainní agus ábhar ar líne a sholáthar do FET ..... 25
Na Meáin Shóisialta ..... 25
Vimeo (Acmhainní Físeáin) ..... 25
Cúrsaí Treorach ..... 26
'Feasachán NCGE' ..... 26
Comhdhálacha & Taispeántais ..... 26
Aistriúcháin Ghaeilge ..... 26
Forbairtí TFC in NCGE ..... 27
Tuairisciú ..... 27
**9. FÓRAM NÁISIÚNTA TREORACH ..... 28**
**10. SAORÁIL FAISNÉISE & NOCHTUITHE COSANTA ..... 28**
**11. TUAIRISC AIRGEADAIS ..... 28**
Cistiú NCGE ..... 28
Achoimre ar ChuntaisNCGE 2019 ..... 29
**Gluais ..... 31**
**AGUISÍN – PLEAN STRAITÉISEACH NCGE (MEITHEAMH 2019 – NOLLAIG 2020) ..... 33**

## Réamhrá ón gCathaoirleach

Mar Chathaoirleach den Choiste um Threoir a Bhainistiu de chuid NCGE, fáiltím roimh an deis seo an Tuarascáil Bhliantúil um Ráiteas Aschuir den Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas (National Centre for Guidance in Education, NCGE) a chur i láthair.

Tá an Ráiteas seo á fhoilsiú ag am gan fasach i stair ár náisiúin i gcomhthéacs COVID-19. Mar thoradh air sin, beidh tábhachtacht níos mó fós do 2020 ag baint le mórán de na tionscadail rathúla agus nuálaíocha a sheol NCGE in 2019 agus atá léirithe sa Ráiteas seo, mar shampla, Creatlach Treorach Scoile Uile (Whole School Guidance Framework, WSGF) agus cláir don Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (Continuous Professional Development, CPD) a sholáthar don fhoireann AEGS sna BO&O.

In Aibreán 2019, chuir NCGE fáilte roimh fhoilsiúchán de chuid na Roinne den 'Athbhreithniú Indecon ar an Tuarascáil Gairmthreorach' ina raibh tagairt shonrach ann do rialachas agus do ghníomhaíochtaí NCGE, agus ina raibh moltaí chun Grúpa Polasaí Náisiúnta a fhorbairt, chun straitéis soiléir fadtéarmach a fhorbairt don ghairmthreoir ar feadh an tsaoil. Táimid ag súil go mór le cur le agus tacú le 'Tascfhórsa Forfheidhmiúcháin' an Rialtais chun na leasuithe molta a eascríonn ón Tuarascáil a chur chun cinn.

Ba mhaith liom cruthaitheacht agus freagrúlacht NCGE a mholadh mar aon le díogras fuinniúil ár bhfoirne, idir bhaill foirne nua agus iad siúd a bhfuil taithí acu, faoi stiúir Jennifer McKenzie.

Táim fíorbhuíoch de mo chomhghleacaithe ar an gCoiste um Threoir a Bhainistiú, a thugann le cheile réimse leathan de shaineolas gairmiúil ó réimsí polasaí agus cleachtais difriúla, agus atá tiomanta i gcónaí maidir le tacu leis an bhfoireann agus le hobair an Ionaid.

Tá an ráiteas seo do 2019 á fhoilsiú thart ar an am a chuaigh Stiúrthóir Feidhmiúcháin Léargas, Jim Mullin ar scor níos luaithe i mbliana. Táimid fíorbhuíoch de Jim as an tiomantas gan stad a léirigh sé do NCGE sna blianta fada ina raibh sé ina Stiúrthóir ar Léargas. Tá sé le feiceáil sna gníomhaíochtaí agus sna haschuir atá sa Ráiteas seo agus i Ráitis roimhse seo ó NCGE, go raibh acmhainn ó nádúr don chinnteoireacht comhoibrithe i Jim, mar aon leis an tacaíocht a thug sé i gcónaí don Stiúrthóir agus d'fhoireann NCGE agus beimid i gcónaí buíoch de. Guímid gach rath air.

Paul King, CATHAOIRLEACH, Coiste um Threoir a Bhainistiú de chuid NCGE



## Nóta ón Stiúrthóir

Bliain gnóthach don Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas a bhí i 2019. Chuireamar ár n-ainm le Plean Straitéiseach athbhreithnithe do 2019-2020, agus d'earcaíomar baill foirne nua a leanóidh lenár spriocanna agus ár ngníomhaíochtaí atá comhaontaithe go náisiúnta a sheachadadh. Ba chor cinniúnach é 2019 freisin sa ghairmthreoir nuair a foilsíodh an tuarascáil Indecon ar Athbhreithniú ar an nGairmthreoir 2018-2019. Fáiltíonn gach duine sa phobal treorach roimh an soiléirú maidir leis an riachtanas atá ann le haghaidh Straitéise Náisiúnta um Threoir, agus go mbeidh rannpháirteachas idir-rannach i gceist le forbairt na Straitéise seo. Tá NCGE ag feitheamh ar thoradh chinntí na Roinne Oideachais agus Scileanna maidir leis seo, chun pleanáil do pholasaí agus do sholáthar na gairmthreorach amach anseo.

Agus muid ag tabhairt an Ráiteas Aschuir seo do 2019 chun críche, tá muintir na tíre ag teacht amach as na dianshrianta a bhí ann de bharr na paindéime Covid-19 ar chúrsaí pearsanta, sóisialta, oideachais agus eacnamaíocha. Ó dúnadh na heagraíochtaí oideachais agus gnó, tá an gairmthreoir tar éis dul 'ar líne'. Mar sin, tá gach duine atá i mbun pholasaí, soláthair agus cleachtais sa ghairmthreoir tar éis athbhreithniú agus athphleanáil a dhéanamh ar mhórán de na seirbhísí agus na cláir a bhí ann i 2019. Nuair a smaoinímid ar ghníomhaíochtaí NCGE agus ar na haschuir ó 2020, beidh an-chuid athruithe ann agus rudaí atá difriúil i gcomparáid le 2019 agus na blianta roimhe sin.

Is cúis onóir agus sásaimh dom bheith ag obair le, agus i mo stiúrthóir ar fhoireann atá chomh tiomanta agus chomh gairmiúil sin. Ní féidir tacaíocht an Chathaoirligh, Paul King a thomhas mar aon leis an gCoiste um Threoir a Bhainistiú, maidir leis an obair a rinne NCGE in 2019, agus deimhníodh é seo nuair a thoiligh siad leanúint orthu ag obair in 2020 agus níos faide anonn más gá. Ar leibhéal pearsanta, ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil le Jim Mullin, Stiúrthóir Feidhmiúcháin Léargas, as an tacaíocht leanúnach a léirigh sé ó ceapadh mar Stiúrthóir mé. Bhain NCGE an-tairbhe as an tiomantas pearsanta agus gairmiúil a léirigh sé d'fhorbairtí, do ról agus do shainchúram an Ionaid ó bunaíodh é.

Táim den tuairim gurb é seo an Ráiteas Aschuir deireannach ó NCGE den chineál seo, ach is maith an rud é an t-athrú, agus ós rud é gurb e sprioc na treorach i gcónaí ná tacú le daoine atá ag dul tríd aistriú, ní mór do pholasaí agus soláthar na treorach dul in oiriúint ar riachtanais na gcliant. Anseo in NCGE, táimid ag suil le tacú leis an bhforbairt is gá a dhéanamh ar pholasaí agus ar chleachtas treorach chun cinnte a dhéanamh de go leanfar le gairmthreoir ardchaighdeáin a sholáthar i scoileanna agus sa Bhreisoideachas i sochaí ina bhfuil feasacht ann maidir le Covid-19.

Is mise le meas,

Jennifer McKenzie, STIÚRTHÓIR, NCGE

# An Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas

Is é an Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas an ghníomhaireacht de chuid na Roinne Oideachais atá freagrach as cruth a chur ar pholasaí agus ar chleachtadh na Treoirchomhlaireachta agus í a stiúradh chun go mbeidh ar chumas foglaimeoirí roghanna cuí a dheanamh atá bunaithe ar eolas. D'aontaigh Coiste na Roinne um Theoir a Bhainistiú gurbh é Misean agus Fís NCGE:

**Misean: Treoirchomhairleoireacht ardchaighdeáin a fhorbairt agus a sholáthar san earnáil oideachais mar chuid den fhoghlaim ar feadh an tsaoil de réir an deachleachtais náisiúnta agus idirnáisiúnta.**

**Fís: Cruth a chur ar an gcleachtadh treoirchomhairleoireachta agus í a stiúradh chun go mbeidh ar chumas foglaimeoirí roghanna cuí a dheanamh don saol atá bunaithe ar eolas.**

Chun sainmhíniú a thabhairt ar an treoirchomhairleoireacht san earnáil oideachais, bunaíonn NCGE a pholasaithe ar **Tuarascáil ar Fhóram Treoirchomhairleoireachta Náisiúnta 2007** agus **Treoirlínte ROS 2005** ina ndeirtear:

**'Cuireann an treoirchomhairleoireacht ar chumas daoine a roghanna féin a bhainistiú ar feadh an tsaoil maidir le cúrsáí oideachais, oiliúna, gairmiúla, pearsanta agus sóisialta ionas go mbainfidh siad barr a gcumais amach agus go gcuirfidh siad le sochaí níos fearr'**
*Fóram Treoirchomhairleoireachta Náisiúnta 2007*

**'Tagraíonn an treoirchomhairleoireacht i scoileanna do réimse cleachtaidh foghlama a chuirtear ar fáil i sraith forbartha, a chuidíonn le daltaí scileanna féinbhainistíochta a fhorbairt a mbeidh mar thoradh orthu go ndéanfaí roghanna agus cinntí éifeachtacha ar feadh an tsaoil. Cuimsíonn sí na trí réimse forbhartha atá nasctha ach éagsúil ag an am céanna, is é sin le rá an fhorbairt phearsanta agus sóisialta, an treoir oideachais agus an treoirchomhairleoireacht'**
*Treoirlínte do Scoileanna Iar-Bhunscoile ar na himpleachtaí de Mhír 9 (c) den Acht Oideachais 1998, a bhaineann le rochtain do dhaltaí ar threoirchomhairleoireacht chuí*

**Is í aidhm uileghabhálach NCGE ná: Eolas a dhéanamh do pholasaí na Roinne agus tacú le deachleachtas treoirchomhairleoireachta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm in Iar-Bhunsoileanna agus in Ionaid Breisoideachais de réir an deachleachtais náisiúnta agus idirnáisiúnta.**

**I measc spriocanna uileghabhálacha NCGE in 2019 bhí na rudaí a leanas:**

- Eolas a thabhairt d'fhorbairt Pholasaí Treorach ar feadh an tSaoil de chuid na Roinne, tionchar a bheith air, é a éascú agus tacú leis
- Eolas a thabhairt do chur i bfheidhm cleachtaidh treoirchomhairleoireachta ardchaighdeáin in Iar-Bhunscoileanna agus san Earnáil Oideachais agus Oiliúna (Further Education and Training, FET),
- tionchar a bheith air, é a éascú agus tacú leis
- Treoirlínte, acmhainní agus ábhar a chur ar fáil chun tacú le cleachtadh treoirchomhairleoireachta ardchaighdeáin agus le forbairt polasaí

- Tacú le Polasaí Treorach maidir le Soláthar agus Cleachtadh go náisiúnta agus ón AE, agus é a chur chun cinn
- forbairt ghairmiúil leanúnach a chomhordú agus a sheachadadh do chleachtóirí treoirchomhairleoireachta i scoileanna agus in FET i gcomhpháirtíocht le páirtithe leasmhara
- Cloí le Rialachas na Roinne agus le Riachtanais Comhlíonta

***Tá an cháipéis straitéiseach iomlán le fáil san aguisín ó lch 32.***

Cuireann NCGE tacaíocht agus forbairt ar fáil do chleachtóirí treoirchomhairleoireachta san earnáil oideachais agus oiliúna, agus cuireann sé luaineacht Eorpach chun cinn mar aon leis an ngné Eorpach den treoirchomhairleoireacht san oideachas agus san oiliúint. Déanann NCGE ionadaíocht don Roinn ag cruinnithe treoirchomhairleoireachta an Choimisiúin AE agus is ball é den **Grúpa Comhairleach Eorpach**.

Mar bhall den **Líonra Euroguidance** , á chomhchistiú ag an Roinn Oideachais agus **Ard-Stiúrthóireacht Fostaíochta, Gnóthaí Sóisialta & Ionchuimsithe** (An Coimisiún Eorpach), cuidíonn an tIonad le daoine atá ag lorg eolais ar dheiseanna oideachais agus oiliúna san Eoraip. Cuireann NCGE faisnéis, comhairle agus cúnamh ar fáil do raon leathan d'eagraíochtaí agus do dhaoine aonair ar chúrsaí treoirchomhairleoireachta san oideachais, san oiliúint agus san fhostaíocht.

**'Léaráid Gníomhaíochtaí' NCGE (2019)**



# 1. Rialachas NCGE

## Coiste um Threoir a Bhainistiú (Management of Guidance Committee, MGC) de chuid NCGE 2017-2019

D'ainmnigh an tAire Oideachais an Cathaoirleach agus ballraíocht an Choiste um Threoir a Bhainistiú 2017-2019. Dhaingnigh Bord Léargas na hainmniúcháin seo agus cheap sé ar an gCoiste iad. In 2019 d'aontaigh an Roinn agus Bord Léargas go mbeadh sé críonna síneadh a thabhairt do théarma oifige an Choiste seo, ag cur san áireamh moltaí an **Athbhreithniú Indecon ar an nGairmthreoir** agus fócas NCGE ar thionscadail straitéiseacha chun tacú leis an Roinn ag an am sin. Mar sin, iarradh ar na balleagraíochtaí MGC NCGE a dheimhniú go raibh siad sásta an bhallraíocht a shíneadh ar feadh 12 – 24 mí; agus bheartaigh an Roinn go raibh sé cuí.

Tá na Téarmaí Tagartha do ról an Choiste um Threoir a Bhainistiú ar fáil chun iad a íoslódáil anseo **www.ncge.ie/ncge/who-manages-ncge**.
***Tá liosta iomlán de bhaill reatha an MGC ar lch 29.***

## Athbhreithniú Indecon de chuid ROS ar Fhaisnéis agus ar Uirlisí Gairme

In Aibreán 2019, d'fhoilsigh an Roinn an **Athbhreithniú Indecon ar an nGairmthreoir'** a rinne sainthagairt do rialachas agus do ghníomhaíochtaí NCGE agus rinne sé moltaí chun Grúpa Polasaí Náisiúnta a fhorbairt chun straitéis fadtéarmach comhtháite a fhorbairt don ghairmthreoir ar feadh an tsaoil. Nuair a foilsíodh an tuarascáil, d'fhógair an tAire go mbúnfaí 'Tascfhórsa Forhfeidhmiúcháin' sa Roinn chun na leasuithe molta a chur chun cinn.

## Comhaontú maidir le Comhaontú Seachadta Feidhmíochta

In 2019, d'aontaigh NCGE agus Léargas an Comhaontú maidir le Comhlíonadh a Sheachadadh, a ndéantar é a athbhreithniú uair sa bhliain, leis an Aonad Measúnaithe Curaclaim agus Polasaí (CAP) de chuid na Roinne maidir le ról NCGE, mar atá leagtha amach thíos:

- Go mbeadh sé ina ionad bairr feabhais maidir leis an Oideachas Iar-Bhunscoile agus an mBreisoideachas agus Oiliúint (Further Education and Training, FET)
- Go gcuirfeadh sé eolas ar fáil don Roinn i réimse na ngairmthreorach
- Go ndéanfadh sé an Fóram Náisiúnta ar an nGairmthreoir a chomhordú agus a óstáil
- Go seachadódh sé eochairghníomhartha mar atá leagtha amach sa **Plean Gníomhaíochta don Oideachas (2016-2019)**

D'aontaigh an PDA go mbeadh SOLAS freagrach as an treoir laistigh den earnáil FET a chistiú, agus go ndéanfadh SOLAS maoirseacht ar sholáthar na gairmthreorach a fhorbairt agus a mheasúnú. Tugann SOLAS cistiú do NCGE chun tacú le cur i bhfeidhm na dtosaíochtaí straitéiseacha den Straitéis FET mar a bhaineann sé leis an ngairmthreoir. Is í an Roinn atá freagrach as an bpolasaí uileghabhálach don earnáil FET, an gairmthreoir san áireamh. Co-shínigh Léargas, NCGE, CAP agus Rannóg Idirnáisiúnta na Roinne an PDA leasaithe seo, mar chuid de rialachas na Roinne le haghaidh Léargas.

## Fochiste Airgeadais

Is é Léargas a ullmhaíonn na cuntais bhainistíochta, agus déanann an Fochiste Airgeadais athbhreithniú orthu, agus cuirtear tuarascáil faoi bhráid an Choiste um Threoir a Bhainistiú. Ar an bhFochiste Airgeadais tá Stiúrthóir NCGE, Cathaoirleach an Choiste um Threoir a Bhainistiú, Stiúrthóir Feidhmiúcháin Léargas, ionadaí ó Choiste Airgeadais agus Iniúchóireachta Léargas, agus ionadaí ón Roinn Oideachais.

## Gníomhaíochtaí Eagraíochta

Bhuail an Coiste um Threoir a Bhainistiu le chéile 6 uair in 2019. Rinne an Coiste athbhreithniú agus leasú ar an bPlean Straitéiseach NCGE do 2019-2020 ag brath ar chinntí na Roinne maidir le cur i bhfeidhm na tuarascála athbhreithnithe Indecon. Tá taifead poiblí de gach cruinniú, bunaithe ar na Mionsonraithe faofa, ar fáil anseo.

Féach - **www.ncge.ie/ncge/who-manages-ncge**

## Soláthar Foirne

Bhí NCGE ag feidhmiú go dtí mí Iúil 2019 le 6 ball foirne lánaimseartha: Stiúrthóir, Comhordaitheoir an Chláir Treoraigh (FET), Oifigeach Treorach (Euroguidance), Riarthóir Oifige, Oifigeach Riaracháin Cláir agus Oifigeach Cumarsáide. Le faomhadh ón Roinn, earcaíodh Comhordaitheoir Cláir Treorach (Iar-Bhunscoile) agus ceapadh í i Lúnasa 2019. Tar éis deireadh a bheith le conradh iasachta an Oifigigh Treorach (Euroguidance) i mí Iúil 2019, earcaíodh duine nua agus ceapadh é i Meán Fómhair 2019 le faomhadh ón Roinn.

Ós rud é nach raibh sé faofa baill foirne a earcú go dtí go n-eisófaí an tuarascáil Indecon, chuir NCGE fógra poiblí amach le haghaidh garimithe treorach, cáilithe go cuí agus a raibh taithí ábhartha acu, ar mhian leo go gcuirfí san áireamh iad ar '*Phainéal de Ghairmithe Treorach Sainchomhleora Seachtracha*' chun obair le NCGE ar thionscadail éagsúla thar tréimhse 2 bhliain. Chuir 15 saineolaí cáilithe treorach agus ó earnálacha bainteacha iarratas isteach chun obair le NCGE ar thionscaddail éagsúla agus in 2019 eisíodh conarthaí tionscadail aonair do 9 saineolaí ón bpainéal.

Féach - **www.ncge.ie/ncge/panel**

Leanadh leis an gcóras Athbhreithnithe ar Bhainistíocht Feidhmíochta na Foirne in 2019, agus chuir an Ginearálaí AD de chuid Léargas tuilleadh tacaíochta AD ar fáil.

# 2. OIDEACHAS BUNSCOILE

I bplean straitéiseach NCGE, leagadh amach tosaíochtaí Chlár Oibre NCGE, agus rinneadh tagairt go sonrach do na hearnálacha Iar-Bhunsocile, FET agus Eorpach. In Éirinn faoi láthair, níl aon soláthar foirmiúil ann don Treoirchomairleoireacht i mbunscoileanna. Leanann NCGE air, áfach, aird a thabhairt ar shamplaí den deachleachtas sa treoirchomairleoireacht, sa teiripe shúgartha, i gcláir chóitseála agus scileanna don oideachas bunscoile trí ailt ábhartha mar is cuí a fhoilsiú in 'Cúrsaí Treorach' de chuid NCGE.
**Alt Samplach (Earrach 2019)**

Féach - **www.ncge.ie/ncge/guidance-primary**.

# 3. GNÍOMHAÍOCHTAÍ IAR-BHUNSCOILE

## Comhoibriú Feabhsaithe

I Lúnasa 2019, tar éis Comhodaitheoir don Chlár Treorach nua (iar-bhunscoile) a cheapadh, chuir NCGE tús le sraith de chruinnithe le príomhghníomhaireachtaí náisiúnta agus le páirtithe leasmhara ina raibh an bhéim ar chaidrimh oibre dearfacha a chur i dtús áite chun deachleachtas sa treoirchomhairleoireacht a chur chun cinn i scoileanna. I measc na n-eagraíochtaí a bhuail le chéile bhí Tairseach Gairme, JMB, Cigireacht ROS, CAO, Institiúid na dTreoirchomhairleoirí (Institute of Guidance Counsellors, IGC), NCCA La Touche (oiliúint dlí), USI ISSU, agus Ionad na Trionóide do Dhaoine faoi Mhíchumas Intleachtúil (TCPID).

## Deachleachtas treoirchomhairleoireachta a chur chun cinn sa bhaile agus thar lear

I gcaitheamh na bliana 2019, bhí an Comhodaitheoir don Chlár Treorach nua (iar-bhunscoile) i láthair ag agus ghlac sí páirt i roinnt imeachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta chun deachleachtas treoirchomhairleoireachta agus tacaíocht dó a chur chun cinn i scoileanna iar-bhunscoile. Go náisiúnta bhí imeachtaí amhail Chomhdháil CAO 2019, Comhdháil Foilseacháin Líonra Taighde na nOllscoileanna Teicniúla (TURN) agus an Comhdháil Taighde 'Ag Fás Aníos in Éirinn'.
***Tá tuilleadh sonraí maidir le rannpháirteachas idirnáisiúnta ar lch 16.***

Ina theannta sin, rinne an Comhodaitheoir don Chlár Treorach nua (iar-bhunscoile) cur i láthair do Mhic Léinn Msc sa Treoirchomairleoireacht i DCU agus ag Comhdháil Maoirseachta na dTreoirchomhairleoirí. Go hinmheánach, cuireadh tús le comhoibriú le Comhordaitheoir Clár Treoirchomhairleoireachta NCGE (FET) chun Forbairt Ghairmiúil Leanúnach a fhorbairt agus a éascú ar an tástáil shíciméadrach.

## Creat Treorach Scoile Uile (Whole School Guidance Framework, WSGF) – Céim Phíolótach 2

In 2019, tugadh cuireadh do na scoileanna a ghlac páirt sa **céim phíolótach thosaigh WSGF** , páirt a phlacadh i **Céim 2** ina raibh sé pleanáilte athbhreithniu a dhéanamh agus tuiscint níos doimhne a fháil ar na próisis cur i bhfeidhm agus ar na hathruithe a rinneadh mar fhreagairt ar an WSGF. Bhí 12 de na 16 scoile a bhí sa staidéar píolótach ar dtús páirteach. Mar chuid den chéim seo, roinn na scoileanna an taithí foghlama a bhain siad amach as na próisis chun pleanáil a fheabhsú ina scoil féin tríd na rudaí a aithint a bhí déanta ag an scoil go dtí seo agus aird a tharraingt ar na saincheisteanna agus ar na dúshláin a bhí fós rompu. I gcéim 2 freisin, bhí an deis ann plé agus moltaí a dhéanamh ar conas a bhfhéadfadh NCGE tuilleadh tacaíochta a sholáthar do scoileanna agus do Threoirchomhairleoirí, agus conas a bhfhéadfaí an phleanáil scoile uile Treoirchomhairleoireachta a nascadh leis na próisis féinmheasúnaithe scoile.

## Acmhainní a fhorbairt

Ag eascairt ón aiseolas a tháinig as an gcéim píolótach seo agus aiseolas breise a fuarthas, ba é príomhfhócas chlár iar-bhunscoile NCGE le linn 2019 ná acmhainní breise a fhorbairt don soláthar Treoirchomhairleoireachta Scoile Uile, agus CPD ábhartha a sheachadadh.
***Tá faisnéis maidir leis an soláthar CPD seo le feiceáil ar lch 18.***

# 4. GNÍOMHAÍOCHTAÍ SAN EARNÁIL BREISOIDEACHAIS AGUS OILIÚNA (Further Education and Training, FET)

**Le linn 2019, bhí an fhorbairt ar an Straitéis Treoirchomhairleoireachta FET 'ar an méar fhada' ag feitheamh ar thoradh an Athbhreithnithe a bhí ar siúl ag ROS ar an Treoirchomhairleoireacht. Bhí NCGE i dteagmháil le SOLAS maidir le gach gníomhaíocht ábhartha don treoir FET. Mar sin féin, lean NCGE ag cothú tuiscint níos fearr ar an Treoir i ngach réimse den soláthar FET, ag dul i mbun comhoibrithe agus comhairliúcháin nuair ab fhéidir.**

## Tacaíochtaí do Seirbhísí Treorach Oideachais do Dhaoine Fásta sna BO&O

**www.ncge.ie/ncge/adult-educational-guidance-services**

Lean NCGE air ag soláthar treoirchomhairleoireacht ardchaighdeáin laistigh de na Seirbhísí Treorach Oideachais do Dhaoine Fásta de chuid na BO&O, ag obair ar son ROS agus SOLAS, i gcomhpháirtíocht le BO&OÉ, maidir le AEGS a fhorbairt go náisiúnta.

### Córas Bainistíochta Treorach d'Aosaigh (Adult Guidance Management System, AGMS)

Déanann NCGE comhordú agus bainistíocht ar an mbunachar sonraí rúnda Córas Bainistíochta Treorach d'Aosaigh (AGMS) ar son SOLAS. Is iad foireann Treorach AEGS de chuid na BO&O a chomhlánaíonn an bunachar sonraí (rud a éilíonn SOLAS) agus ansin gineann NCGE tuarascálacha

bliantúla. *Is féidir rochtain a fháil ar na tuarascálacha seo tríd an nasc thuas.*

Is é NCGE a bhunaigh an Grúpa Oibre (Céim 1) den Chóras Bainistíochta Treorach FET (GMS FET) chun scrúdú a dhéanamh ar an gCóras Bainistíochta Treorach d'Aosaigh de chuid BO&O agus saincheisteanna a mheas maidir le sonraí úsáideacha cuí a bhailiú agus a thuairisciú. Ar an ngrúpa oibre FET GMS bhí ionadaithe ó ROS, SOLAS, AEOA, AGA, baill foirne ó AEGS, Stiúrthóirí FET agus BO&OÉ. Phlé an grúpa na riachtanais atá ann an córas bailithe sonraí a leathnú amach sna seirbhísí treorach FET. Lean an grúpa oibre FET GMS air ag obair in 2020 chun 'Céim 1' den ghrúpa oibre FET GMS a chríochnú trí aighneacht a chur isteach chuig SOLAS maidir le GMS FET a fhorbairt ar bhonn píolótach.

### Tionscadal Taighde AGMS

In 2019, bhunaigh NCGE tionscadal taighde foirmiúil chun scrúdú a dhéanamh ar na sonraí cainníochtúla agus cáilíochtúla, a bailíodh ar an gcóras AGMS ó 2004 – 2018. Le críochnú in 2020, soláthróidh an taighde seo fianaise ar sheirbhísí treorach do dhaoine fásta ó na céimeanna tosaigh de na "tionscadail phíolótacha" AEGI go dtí na seirbhísí neadaithe sna BO&O suas go dtí 2018.
Níl an taighde deartha chun 'measúnú' a sholáthar ar an Tionscnamh Treorach Oideachais d'Aosaigh, na Seirbhísí Treoracha Oideachais d'Aosaigh, na BO&O go náisiúnta, agus ní bheidh 'measúnú' ann ar an AGMS ach an oiread. Beidh an Taighde mar bhonn den chóras AEGI AGMS, is é sin le rá an córas sin a chríochnú agus a chur i gcartlann, leis an aidhm go mbunófaí agus go bhforbrófaí Córas Bainistíochta Treorach FET nua. Chun tacú leis an taighde seo, bhunaigh NCGE an Grúpa Comhairleach Uileghabhálach de chuid AGMS le hionadaithe ó AEGS agus an Cumann Treorach d'Aosaigh.

### Comhaontuithe Eatramhacha NCGE leis na BO&O maidir le AGMS

Chuaigh NCGE i mbun comhairliúcháin le saineolaithe ar an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS), le SOLAS agus le BO&OÉ, agus fuair siad comhairle dlí ó Léargas / NCGE maidir le polasaí náisiúnta chun freastal ar na dúshláin atá ann chun a chinntiú go gcomhlíonfaidh an AGMS an RGCS. Chuaigh an plé ar aghaidh le linn 2019 chun a chinntiú go mbeadh comhaontú ann le gach ceann de na 16 BO&O.

## Grúpaí agus Coistí Comhairleacha

De réir théarmaí tagartha NCGE maidir le bheith ag obair le páirtithe leasmhara, chun go mbeidh tionschar ag NCGE ar fhorbairt polasaí mar a bhaineann sé le cúrsaí treorach, leanann an Comhordaitheoir Clár Treorach FET ag glacadh páirte i ngrúpaí agus i gcoistí comhairleacha éagsúla, lena n-áirítear:

- Grúpa Comhairleach Tionscadail Aontas don Chlár Eorpach don Fhoghlaim Aosach & EPALE
- Grúpa Stiúrtha Líonta Cleachtóirí RPL arna tionól ag Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (Quality and Qualifications Ireland, QQI
- Grúpa Comhairleach Náisiúnta do VISKA arna tionól ag QQI
- Foghrúpa Breisoideachais go hArdoideachais de chuid Chumann Ollscoileanna na hÉireann
- Grúpa Comhairleach BO&O maidir le Foghlaimeoirí DEIS ag Aistriú go dtí FET

- Fóram de chuid na Roinne Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha maidir le Spriocanna Forbartha Inmharthana do Pháirtithe Leasmhara
- Coiste Comhairleach Náisiúnta SOLAS ar Threoirlínte um Dhearadh Uilíoch don Fhoghlaim (NAC UDL)
- Coistí Comhairleacha um Chláir SOLAS a Mheas (Cláir BTEI, SST, STP)

### Gníomhaíochtaí Eile

- Tacaíonn an clár FET de chuid NCGE leis an ngné Eorpach den treoirchomhairleoireacht a chur chun cinn trí chomhoibriú le Euroguidance Éireann, Eurodesk agus Léargas.
  ***Tuilleadh eolais le fáil ar lch 16.***
- Comhoibriú le Tairseach Gairme ar fhíseán a fhorbairt chun deiseanna FET a chur chun cinn, mar aon leis na Tacaíochtaí Seirbhíse Treorach Aosach sna BO&O chun tacú le daltaí sula dtosaíonn siad ar chúrsa, le linn an chúrsa agus ina dhiaidh.
- Rannpháirteachas ag Comhdháil Idirnáisiúnta IAEVG
- Comhoibriú le Euroguidance ar Chuairteanna Staidéir AE a bhí óstáilte ag NCGE/Euroguidance Éireann in 2019.
- Teagmháil le Seirbhísí Tacaíochta Breidoideachais (Further Education Support Services, FESS) chun CPD a phleanáil agus a sheachadadh don fhoireann Treorach FET
- Comhoibriú leanúnach leis an Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh (National Adult Literacy Agency, NALA) maidir le Treoir FET ar an imeascadh agus rochtain ar Sheirbhís Cianfhoghlama agus imeachtaí Oiliúna do Theagascóirí de chuid NALA
- Comhoibriú le Coláiste Pobail Fíorúil *An Cosán* maidir le Treoir FET a bhaineann le himeascadh san Oideachas Pobail An Cosán/ Foghlaim Chumaisc a sholáthar agus imeachtaí oiliúna náisiúnta san oideachas pobail
- Ranpháirteachas ag an bhFóram um Ionchuimsiú Sóisialta 2019 de chuid na Roinne Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí, agus ag imeacht a d'eagraigh an Roinn chun Treochlár um Ionchuimsiú Sóisialta 2020-2025, Spriocanna agus Gealltanais, a sheoladh

## 4. GNÍOMHAÍOCHTAÍ ARDOIDEACHAIS

### Stiúrthóirí Staidéir sa Treoirchomhairleoireacht (Directors of Studies in Guidance Counselling, DSGC)

**www.ncge.ie/ncge/directors-studies-guidance-counselling**

Déanann an Coiste seo ionadaíocht ar son na n-ollscoileanna in Éirinn a chuireann cláir thosaigh oideachais agus oiliúna sa treoirchomhairleoireacht ar fáil. San áireamh tá Stiúrthóirí na gclár in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Ollscoile Mhá Nuad agus Ollscoil Luimnigh. Cé go raibh an cúrsa seo sa treoirchomhairleoireacht á sholáthar ag Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, cuireadh in iúl do NCGE in 2019 nach mbeadh UCC ag leanúint leis an gclár seo a sheachadadh a thuilleadh. Bíonn Cigireacht ROS i láthair ag an gcruinniú Coiste seo.

In 2019, bhunaigh an Chomhairle Mhúinteoireachta, thar ceann na Roinne, Painéal Athbhreithnithe chun athbhreithniu a dhéanamh ar gach ceann de na cláir Threoirchomhairleoireachta Ollscoile de réir **Creat Aitheantais Cláir**. Chuir NCGE comhairle theicniúil ar fáil don Phainéal Athbhreithnithe agus bhí teagmháil dhíreach aige leis na Stiúrthóirí.

Mar thoradh ar an bpróiseas athbhreithnithe, thug an Roinn Oideachais “aitheantas” do na cláir, ionas go mbeadh céimnithe as na hOllscoileanna sin i dteideal cur isteach ar fhostaíocht mar theoirchomhairleoirí in iarbhunscoileanna agus san earnáil FET.

### Gníomhaíochtaí Eile

- Bhí ionadaithe ó Chomhlachas Sheirbhísí um Ghairm san Ardoideachas (AHECS) i láthair ag an bhFóram Náisiúnta ar chruinnithe treorach
- San iris Cúrsaí Treorach bhí ailt ar chúrsaí treorach san ardoideachas agus tarraingíodh aird ar shamplaí den chleachtas nuálach agus d’acmhainní nuálacha.

## 5. AN EARNÁIL TREORACH SAN EORAIP

### Euroguidance Éireann

**www.euroguidance.ie**

Sa líonra Euroguidance áirítear Ionaid Euroguidance i 34 tír Eorpach. An misean atá aige ná an ghné Eorpach den treoir ar feadh an tsaoil a chur chun cinn i mballstáit agus chun luaineacht fhoghlama idirnáisiúnta a chothú trí sheirbhísí treorach a sholáthar. An príomhspriocghrúpa atá aige ná cleachtóirí treorach san oideachas agus san fhostaíocht a sholáthraíonn eolas agus treoir ar an luaineacht idirnáisiúnta d’úsáideoirí deiridh atá ag lorg deiseanna chun dul i mbun staidéir agus oiliúna thar lear. Cuireann Euroguidance Éireann, á óstáil ag NCGE, an ghné Eorpach seo den treoir chun cinn agus soláthraíonn sé faisnéis ardchaighdeáin ar an treoir ar feadh an tsaoil agus ar an luaineacht foghlama do ghairmithe treorach and do dhaoine aonair ar mian leo staidéar nó dul i mbun oiliúna thar lear.

### An Líonra Euroguidance

**www.euroguidance.eu**

In 2019, lean Euroguidance Éireann air mar bhall gníomhach den Líonra Euroguidance, agus d’fhreastail sé ar chruinnithe líonra agus ghlac sé páirt san obair atá ar bun ag MTG 1 Comhairle Luaineachta agus MTG 3 Grúpaí Oibre um Chumarsáid agus um Chur chun Cinn.

**I measc na gcruinnithe in 2019 ina raibh NCGE i láthair bhí:**

- Cruinniú Líonra Euroguidance, Bucharest, Aibreán 2019
- Cruinniú Líonra Euroguidance, Heilsincí, Samhain 2019

Bhí Euroguidance Éireann páirteach freisin i gcruinniú de chomhordaitheoirí Academia i mí na Nollag 2019 i Mannheim mar bhí cuairt staidéir Academia sceidealta in Aibreán 2020 do 12 rannpháirtí ón bpobal treorach Eorpach. Cuireadh cruth ar na hathruithe i struchtúr an líonra san Earrach 2019. Bunaíodh na grúpaí oibre beaga (ar a dtugtar 'Modhanna Oibre Nua') agus an 'Grúpa Stiúrtha' don Líonra agus tá siad faoi lánseol.

**Is iad príomhaidhmeanna an Ghrúpa Stiúrtha ná na rudaí a leanas a chinntiú:**

- Forbairt inmharthana an Líonra
- Ardleibhéal rannpháirteachais i measc ballraíochta an Líonra
- Cumarsáid réamhghníomhach leis an bpobal treorach idirnáisiúnta

**Go dtí seo, tá ag éirí go maith leis an modh oibre nua. Is é sin:**

- Níos mó rannpháirteachais san obair ag leibhéal an líonra
- Comhordú níos fearr idir na tascghrúpaí
- Níos mó pleanála fadtéarmach, pleananna rialta agus obair ag dul ar aghaidh idir na gcruinnithe líonra

Beidh an líonra ag lorg aiseolas go hinmheánach maidir le héifeacht na n-athruithe seo sna struchtúir rialachais go luath in 2020, chun athbhreithniú a dhéanamh orthu.

## Cuairteanna Staidéir & Foghlaim Phiara

**www.euroguidance.ie/study-visits**

**Óstálann NCGE/Euroguidance Éireann cuairteanna staidéir agus freastalaíonn sé orthu mar aon le himeachtaí eile foghlama piara agus líonraithe (mar atá leagtha amach san iarratas deontais do chlár gníomhaíochtaí Euroguidance 2018-2020). Tá sé mar aidhm ag na gníomhaíochtaí seo ná tacú leis an deachleachtas treorach idirnáisiúnta a roinnt le cleachtóirí treorach agus gairmithe ábhartha eile.**

### Cuairteanna Staidéir óstáilte ag NCGE/Euroguidance Éireann in 2019:

**I mí Feabhra 2019**, d'óstáil NCGE/Euroguidance Éireann cuairt staidéir: Treoir úsáideach i gcomhthéacs Ilchultúrtha - dírithe ar an gClár Scileanna Nua i gCosáin Uas-Scilithe. An cuspóir a bhí taobh thiar den imeacht ná scrúdú a dhéanamh ar na dúshláin a bhaineann le treoir úsáideach a sholáthar sa chomhthéacs ilchultúrtha; ag tagairt don uas-sciliú agus don 'Clár Scileanna Nua' trí mhodhanna soláthair a chíoradh. Roinneadh na forbairtí agus an cleachtadh leanúnach a bhaineann leis an treoirchomhairleoireacht a sholáthar d'imircigh, d'iarrthóirí tearmainn agus dóibh siúd atá ina gcónaí in ionaid 'Sholáthair Dhírigh' ar fud na hÉireann agus an deachleachtas reatha a roinnt le linn cuairteanna suímh ar sheirbhísí treorach éagsúla.

Féach- **https://euroguidance.ie/study-visit-2019**

**In Aibreán 2019**, thacaigh NCGE / Euroguidance Éireann le grúpa staidéir ón bhFionlainn leis an soláthar treorach san earnáil oideachais agus oiliúna in Éirinn a chíoradh, agus teagmháil le ranna rialtais eile a éascú, an RGFCS san áireamh.

Mar óstach d'Ionad Euroguidance Éireann, cuireann NCGE rannpháirteachas cleachtóirí chun cinn go gníomhach; óstálann sé cruinnithe den chineál sin go rialta agus scaipeann sé faisnéis ar dheiseanna atá ann thar lear. **I Lúnasa 2019** chuir an Ghníomhaireacht Náisiúnta Éireannach, Léargas, sonraí ar fáil do NCGE maidir le deis den chineál sin sa Danmhairg. **Roghnaíodh Triúr Treoirchomhairleoirí chun páirt a ghlacadh ann.**

## Imeachtaí foghlama piara inar ghlac NCGE / Euroguidance Éireann páirt in 2019:

**Ta ról ag an bhfoireann go léir in NCGE tacú leis an ngné Eorpach den Treoir agus í a chur chun cinn, mar aon le hionadaíocht a dhéanamh ar son NCGE / Euroguidance Éireann agus páirt a ghlacadh in imeachtaí éagsúla náisiúnta, Eorpacha agus idirnáisiúnta mar atá leagtha amach thíos:**

**Meitheamh 2019** – Bhí an Stiúrthóir NCGE / Euroguidance Éireann i gceannas ar an bhfoireann Tíre, agus ghlac sí páirt sa **9ú Siompóisiam idirnáisiúnta ICCDPP** i dTromso, san Iorua.

**Meán Fómhair 2019** – Bhí Stiúrthóir NCGE / Euroguidance i láthair ag Ceardlann Choimisiúin an AE agus thug sí cur i láthair ar **Polasaí agus cleachtadh treorach ar feadh an tsaoil san AE: treochtaí, dúshláin agus deiseanna**, sa Bhruiséil, an Bheilg.

**Meán Fómhair 2019** – Bhí na Comhordaitheoirí Clár Treorach NCGE Iar-Bhunscoile agus FET araon, a bhfuil ról ag an mbeirt acu tacú le Euroguidance, i láthair ag **Comhdháil IAEVG 2019** i mBratislava/Brno, Slovakia/Poblacht na Seice agus ghlac siad páirt ann.

**Meán Fómhair 2019** – Bhí Stiúrthóir NCGE i láthair ag an tríú cruinniú **CareersNet** sa Róimh, an Iodáil.

**Deireadh Fómhair 2019** – Bhí Stiúrthóir NCGE i láthair agus rinne sí cur i láthair ag **Comhdháil Idirnaisiúnta – Forbairt Ghairme: Féiniúlacht, Nuálaíocht agus Tionchar**, Birmingham, an Ríocht Aontaithe.

**'Am le Bogadh' (Time To Move, TTM**) is feachtas Eorpach é de chuid Eurodesk a thugann eolas do dhaoine óga agus dóibh siúd a oibríonn leo faoi dheiseanna oibre, staidéir, oiliúna agus chun obair dheonach a dhéanamh san Eoraip. Tar éis NCGE a bheith páirteach in imeachtaí TTM in 2017 agus 2018, dhírigh **TTM '19** ar rannpháirtithe agus ar dhaoine óga a chumasú go díreach. Agus an ghné Eorpach den treoir agus den luaineacht san earnáil FET a chur chun cinn ag NCGE, agus i gcomhpháirtíocht le Euroguidance Éireann, bhí NCGE i láthair ag an sraith imeachtaí in 2019 agus spreag sé soláthróirí eolais agus treoir páirt a ghlacadh ann agus líonrú a dhéanamh.

**Samhain 2019** – Bhi Stiúrthóir NCGE i láthair an an gComhdháil Uachtaránacha san Fhionlainn um Threoir ar feadh an tsaoil, Heilsincí, an Fhionlainn.

**Samhain 2019** – Rinne NCGE / Euroguidance Éireann cur i láthair ag cruinniú den Líonra **Eurodesk Éireann**.

**Samhain 2019 –** In éineacht le Léargas, d'óstáil NCGE FET Gníomhaíocht Chomhoibrithe Trasnáisúnta Erasmuns + a bhí cistithe (Transnational Cooperation Activity, TCA) dár teidealsna **Acmhainneacht Gairme a Fhorbairt agus a Bhainistiú san Oideachas agus san Oiliúint Gairme d'Aosaigh** Eagraíodh an ghníomhaíocht seo laistigh den fhothéama 'na dúshláin shuntasacha roimh Theoirchomhairleoirí maidir le tacú le haosaigh 'cinnteacht ghairme' a bhainistiú i saol atá éiginnte'.

**Nollaig 2019** – D'fhreastail Comhordaitheoir an Chláir Theoraigh Iar-Bhunscoile ar an Scoil Gheimhridh Treoirchomhairleoireachta, sa tSlóvaic, agus rinne sé cur i láthair ann.

Chuir NCGE / Euroguidance Éireann tús le clár nua de léachtaí do mhic léinn i mbun treoirchomhairleoireachta sna 4 Ollscoil in Éirinn don bhliain acadúil 2019 – 2020. Áirítear sna léachtaí seo eolas ar pholasaí treorach náisiúnta agus idirnáisiúnta agus an ról atá ag Euroguidance.

## Grúpa Comhairleach EUROPASS

Leanann NCGE / Euroguidance Éireann air ag comhoibriú le QQI mar fhoinse sonraí náisiúnta agus le EQF-NCP Éireann chun a chinntiú go n-áirítear an treoir chuí, mar aon le heolas ó EQF agus Europass laistigh den eolas a sholáthraítear don Tairseach Deiseanna Foghlama.

Bhunaigh an Coimisiún AE an **Grúpa Comhairleach Europass** in 2018 chun tacú le forbairt Europass, lena n-áirítear an tairseach 'Deiseanna Foghlama'. Rine Stiúrthóir NCGE, mar aon le hionadaithe ó QQI Europass agus EQF, ionadaíocht ar son na hÉireann ag cruinnithe an Ghrúpa comhairleach seo i Márta, Meitheamch agus Samhain 2019.

D'fhreastail an tOifigeach Euroguidance, in éineacht le hionadaí de chuid QQI Europass Éireann, ar an gCruinniú Comhpholasaí i Samhain 2019.

## Grúpa Tagartha Éireannach do Thionscnaimh AE san Oideachas agus san Oiliúint

Tá NCGE/ Euroguidance Éireann ina bhall gníomhach den Ghrúpa Tagartha Éireannach do Thionscnaimh AE san Oideachas agus san Oiliúint. Is é príomhaidhm an Ghrúpa Tagartha Éireannach do Thionscnaimh AE ná eolas a scaipeadh ar Thionscnaimh AE. I measc na mball tá QQI, Europass, EQF, EQUAVET, ENIC NARIC, agus Léargas. Bhí an tOifieach Euroguidance páirteach i gcuinniú de Grúpa Tagartha Éireannach do Thionscnaimh AE san Oideachas in Ollscoil Luimnigh i nDeireadh Fómhair 2019, agus rinne sí cur i láthair ar ghné Eorpach na treorach agus forbairtí leanúnacha ag an leibhéal náisiúnta.

## Soláthar Treorach do Scoileanna Eorpacha

**www.euroguidance.ie/european-schools**

Comhordaíonn NCGE/Euroguidance Éireann soláthar oideachais treorach do leanaí de thuismitheoirí Éireannacha atá ag freastal ar Scoileanna Eorpacha ar bhonn bliantúil, ar son ROS. Bhain 118 dalta leas as an soláthar seo i 13 Scoil Eorpach (sa Bheilg, i Lucsamburg, san Iodáil, sa Spáinn, san Ísiltír agus sa Ghearmáin) idir Deireadh Fómhair agus Samhain 2019. Cuireadh treoirchomhairleoireacht ar fáil, ar suíomh agus ar líne araon, lena n-áirítear seisiúin treoracha aonair agus grúpa, do na blianta S4 go dtí S7. Ghlac an tOifigeach ó NCGE/Euroguidance páirt freisin leis an tseirbhís a sheachadadh in dhá suíomh i mbliana. Rinne NCGE/Euroguidance tuilleadh forbartha ar an eolas a chuirtear ar fáil do na scoileanna Eorpacha in 2019 – nuashonraíodh faisnéis a bhaineann le bheith ag staidéir in Éirinn.

Féach - **Tuarascáil Achoimre 2019**

In 2018 – 2019, chuir NCGE tús leis an bpróiseas cead a iarraidh ó dhaltaí Bliain 7 agus óna dtuismitheoirí bheith i dteagmháil leo tar éis dóibh na Scoileanna Eorpacha a fhágáil. In 2019, bhí NCGE i dteagmháil le 34 S7 dalta/tuismitheoir chun a fháil amach cén áit ar imigh siad tar éis na Scoileanna Eorpacha a fhágáil. Nuair a foilsíodh an ráiteas aschuir seo, bhí 20 duine tar éis freagra a chur ar fáil, is é sin le rá 75% díobh siúd a bhí sa suirbhé. Chuir 8 de na freagróirí in iúl go raibh a mac/iníon ag staidéir in Éirinn faoi láthair. Mar chuid den suirbhé seo, chuir tuismitheoirí aiseolas ar fáil maidir leis an taithí a bhí acu leis an tseirbhís. In 2019, pléadh agus comhaontaíodh na pleananna chun athbhreithniú Straitéiseach inmheánach a dhéanamh ar sholáthar na Seirbhíse Treorach do dhaltaí Éireannacha sna Scoileanna Eorpacha ó 2010 – 2019, chun deachleachtas a aithint agus moltaí a dhéanamh do NCGE agus ROS a bheidh mar bhonn ag an tseirbhís treorach amach anseo.

## Gníomhaíochtaí Eile

### Acmhainn Euro-Quest

**www.euroguidance.ie/euro-quest**

Is clár é Euro-Quest a dearadh chun deis a thabhairt do dhaltaí san Idirbhliain a machnamh a dhéanamh ar sheimeastar, bliain acadúil, céim nó printíseacht iomlán a dhéanamh thar lear. Dearadh agus cuireadh in oiriúint an clár seo bunaithe ar aiseolas a fuarthas go díreach ó Threoirchomhairleoirí. Chuir NCGE tús le clár píolótach ina raibh 15 iar-bhunscoil in 2018. Ag baint úsáide as cur chuige don scoil uile, lorgaíonn an clár píolótach seo eolas ó na daltaí féin, óna bpríomhoidí, ó threoirchomhairleoirí agus ó chomhordaitheoirí na hIdirbliana. **Foilsíodh an tuarascáil dheiridh den chlár píolótach in 2019**.

Tar éis tuairimí agus aiseolas a chur san áireamh, leasaíodh an tuarascáil, agus rinneadh athbhreithniu agus tástáil uirthi mar ullmhúchán do “sheoladh bog” i mí na Nollag 2019.

Críochnaíodh leabhar oibre cuimsitheach do dhaltaí agus treoirleabhar foirne agus bhí siad réidh le scaipeadh amach roimh Nollaig 2019. Bhí an clár réidh chun é a chur i bhfeidhm agus cuireadh ar fáil é do gach Iar-Bhunscoil in Éirinn ó Eanáir 2020.

### Suíomh Gréasáin Líonra Euroguidance agus Foilseacháin

Thug Euroguidance Éireann cúnamh airgid chun tacú le suíomh gréasáin Líonra Euroguidance a fhorbairt, agus chuir sé ábhar don suíomh ar fáil chomh maith le hathbhreithniú a dhéanamh air. Chuir Euroguidance Éireann leis na foilseacháin de chuid Líonra Euroguidance, dar teideal ‘Highlighs’ agus ‘Insight’ i rith na bliana 2019.

Féach - **www.euroguidance.eu/resources/publications**

# 6. FORBAIRT GHAIRMIÚIL LEANÚNACH

**De réir théarmaí tagartha NCGE, tugann an tIonad comhairle ar oideachas agus ar oiliúint ardchaighdeáin ábhartha sa treoirchomhairleoireacht thosaigh, agus cuireann sé Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (CPD) ar fáil do chleachtóirí treorach. Mar bhonn do gach clár CPD de chuid NCGE, tá Nósanna Imeachta Dearbhaithe Cáilíochta.**

## Iar-Bhunscoileanna

in 2019, chuir NCGE tús le clár náisiúnta CPD do scoileanna dár teideal **'Cur Chuige Céim ar Chéim don Treoirchomhairleacht ag baint úsáide as an gCreat Treorach Scoile Uile (WSG)'** – reáchtáladh 9 imeacht CPD laistigh den téama seo idir Aibreán agus Nollaig 2019; óstáladh i mBaile Átha Cliath, i nDún nan Gall, i bPort Láirge, san Iarmhí agus i nGaillimh iad. Rinne príomhoidí agus Treoirchomhairleoirí cur síos ar an gcur chuige scoile uile i leith na pleanála treorach. I ndiaidh gach imeacht CPD, bhí athbhreithniú, measúnú agus aiseolas, agus d'fhorbair NCGE acmhainní breise chun tacú leis an bpleanáil agus soláthar don Treoir Scoile Uile.

*Tábla 1: Faisnéis maidir le rannpháirteachas i WSG CPD*

| **Dáta** | **Suíomh an imeachta CPD** | **Líon iomlán na Scoileanna ag glacadh páirte** |
|---|---|---|
| 30/04/19 | Baile Átha Cliath<br>(Lár na Cathrach) | 28 |
| 08/05/19 | An Iarmhí<br>(An Muileann gCearr) | 41 |
| 14/05/19 | Corcaigh | 26 |
| 24/09/19 | Baile Átha Cliath | 39 |
| 26/09/19 | Port Láirge | 15 |
| 01/10/19 | Dún na nGall | 20 |
| 03/10/19 | Gaillimh | 16 |
| 02/12/19 | Baile Átha Cliath<br>(Túr Cloig ROS) | 22 |
| 09/12/19 | An Iarmhí<br>(An Muileann gCearr) | 16 |
| **Líon iomlán na Scoileanna a ghlac páirt** | | 222<br>(ghlac scoil amháin páirt faoi dhó) |

*Figiúr 1: Ráta glactha den WSG CPD de réir contae agus de réir líon iomlán na hiar-bhunscoileanna sa chontae sin.*




Nóta: léiríonn an dath glas líon na scoileanna ag glacadh páirte sa CPD agus léiríonn an dath oráiste na scoileanna nár ghlac páirt fós.

Bhí an leibhéal is airde rannpháirteachais (i dtéarmaí sciar coibhneasta na scoileanna a ghlac páirt de réir contae) i nDún na nGall, i Liatroim agus san Iarmhí. Bhí an leibhéal is ísle rannpháirteachais sa Chabhán, i Luimneach agus i Muineachán. Díreofar aird ar na réigiúin tíreolaíocha seo nuair a bheidh CPD á sholáthar amach anseo chun an rannpháirteachas a mhéadú.

**Aiseolas:**

*Tábla 2: Príomhphointí foghlama do Rannpháirtithe ó CPD WSG:*

| Freagra na Rannpháirtithe | Líon na Rannpháirtithe a rinne tagairt don fhreagra seo |
|---|---|
| Gá le Bainistíocht agus Treoirchomhairleoirí dul i mbun pleanála | 86 |
| Ga le Cur Chuige Scoile Uile / Foirne a chur san áireamh | 76 |
| Feasacht Maidir le Conas & Cén áit Rochtain a fháil ar Thacaíocht, acmhainní san áireamh | 72 |
| Aithníodh Bearnaí / Riachtanais Reatha sa Chleachtas | 52 |
| Ga le díriú ar an tSraith Shóisearach | 40 |
| Gá le machnamh a dhéanamh ar an gcleachtadh reatha & ar leithdháileadh acmhainní | 34 |
| Gá leis an bplean scoile a athbhreithniú / a nuashonrú | 33 |
| Gá leis an gcleachtadh reatha a aithint agus a dhearbhú | 27 |
| Ga le guth na bPáirtithe Leasmhara a chur san áireamh | 20 |
| Feasacht maidir leis an tábhacht a bhaineann le Líonrú & Foghlaim ó scoileanna eile | 23 |
| Gá le tosaíochtaí a aithint don todhchaí | 7 |

Iarradh ar na rannpháirtithe: **Cad iad na príomhrudaí a d'fhoghlaim tú ón CPD inniu?**

Tá na freagraí ar an gceist seo liostáilte i dtábla thuas.
Ba chóir a nótáil gur luaigh roinnt rannpháirtithe níos mó ná gné amháin ina bhfreagraí.

Iarradh ar an rannpháirtithe an CPD WSG a mheas agus scór a thabhairt dó ó 1 (lag) go dtí 5 (ar fheabhas). Thug 65% de rannpháirtithe an scór is airde (5) agus thug 33% scór 4 as 5.

## Breisoideachas agus Oiliúint

Déanann NCGE an clár Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (CPD) a chomhordú agus a sheachadadh don fhoireann AEGS de chuid BO&O. In 2019, bhunaigh NCGE na himeachtaí CPD ar suirbhé a rinne sé ar ar riachtanais oiliúna don fhoireann AEGS sna BO&O in Eanáir 2019. Reáchtáil NCGE roinnt imeachtaí CPD agus imeachtaí oiliúna do bhaill foirne AEGS nua.

- Thug NCGE session amháin do 11 ball foirne AEGS nua ceaptha de chuid BO&O ar an gcóras bunachar sonraí Bainistíocht Treorach d'Aosaigh (AGMS), ag cur sonraí isteach agus ag tuairisciú tríd an gcóras sin.

- **Márta 2019:** Bhí 73 ball foirne AEGS BO&O i láthair ag seisiún CPD thar dhá lá agus bhí imeachtaí faoi leith a bhí dírithe ar Threoirchomhairleoirí/Threoirchomhordaitheoirí *agus* ar Oifigigh Threorach agus rinneadh idirdhealú idir na róil éagsúla sin. An téama a bhí ann ná 'An tIonchuimhsiú Sóisialta', agus bhí cainteoirí ó SOLAS; Oifigeach Forbartha EAL & ESOL ó DDLETB; 'Gnó i measc an Phobail Éireann'; Comhairle Dídeanaithe na hÉireann; an tÚdarás Náisiúnta Míchumais agus an tIonad Feabhais um Dhearadh Uilíoch NDA.

  Rinne NCGE 'suirbhé do rannpháirtithe' i ndiaidh na n-imeachtaí CPD i Márta 2019 agus phlé sé na hiarratais ar CPD a cuireadh isteach tríd an AGMS, chun é sin a úsáid in imeachtaí breise CPD AEGS de chuid na BO&O.

- **Samhain 2019:** Ghlac 59 ball foirne AEGS de chuid na BO&O páirt in imeacht CPD (bhí 2 x 1.5 seisiún lae, agus seisiún lae amháin) ar an téama *'Tacú leis an gcleachtóir chun tacú leis an gcliant: Cúrsaí Féinchúraim agus Meabharshláinte do Sheirbhísí Treoiroideachais d'Aosaigh'*, éascaithe ag an Dr Marie Rooney. San áireamh ag an imeacht freisin bhí ceardlann leath lae ar 'An Tástáil Shíciméadrach sa Treoir d'Aosaigh'. Cur chuige comhoibritheach a bhí i gceist leis seo idir Comhordaitheoirí Clár Iar-Bhunscoile NCGE agus Breidoideachais chun tacú leis an deachleachtas agus í a fhorbairt ar feadh an tsaoil.

## Euroguidance

Toisc go bhfuli líon na ndaltaí ar mian leo dul i mbun staidéir nó oiliúna thar lear ag dul i méad, cuireann an Modúl Treoirchomhairleoireachta Luaineachta ar líne, na scileanna ar fáil do threoirchomhairleoirí atá riachtanach chun tacú le foghlaimeoirí. Chláraigh roinnt treoirchomhairleoirí breise in 2019 agus chríochnaigh daoine eile a gcúrsa i rith na tréimhse seo.

*"Mar threoirchomhairleoir nua, bhain mé taitneamh as an modúl mar bhí an próiseas céim ar chéim soiléir mar aon leis na gnéithe tábhachtacha nach mór a chur san áireamh le linn an phróisis."*

Féach - **www.euroguidance.ie/cpd-mobility-guidance-counselling**

# 7. COISTÍ AGUS GRÚPAÍ OIBRE

**Gaireann NCGE coistí agus grúpaí oibre agus glacann sé páirt iontu le haghaidh agus thar ceann ROS. Seo a leanas mar a bhí na gníomhaíochtaí in 2019;**

## Grúpa Stiúrtha ROS um Mhaoirseacht ar Threoirchomhairleoireacht Iar-Bhunscoile

Is í an Rannóg Oideachais do Mhúinteoirí atá ina cathaoirleach ar an nGrúpa Stiúrtha seo, á bainistiú ag Ionad Oideachais Mhuineacháin agus á comhordú tríd an líonra brainse IGC. Tá NCGE ina bhall den ghrúpa Stiúrtha, ag obair leis an ionadaí ó chigireacht na Roinne mar chomhairleoirí chun a chinntiú go mbeidh polasaí na Roinne le brath ar an treoir.

## Coiste Comhairleach ar Thástáil Shíciméadrach

**www.ncge.ie/ncge/advisory-committee-psychometric-testing**

I ndiaidh an chruinnithe den Choiste Comhairleach ar an tástáil shíciméadrach (is gnách go ngaireann NCGE na cruinnithe seo thar ceann ROS chun athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar liosta na dtástálacha síciméadracha agus ar na measúnuithe atá faofa ag ROS don úsáid i scoileanna iar-bhunscoile), d'oibrigh NCGE i gcomhar le ROS chun tuilleadh athbhreithnithe a dhéanamh ar Liosta na dTástálacha, chun impleachaí a chur san áireamh maidir le Breatimeacht agus athruithe ar na tástálacha atá déanta ag foilsitheoirí.

D'oibrigh NCGE i gcomhar le ROS agus leis an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (National Educational Psychological Service, NEPS) chun an Ciorclán a athbhreithniú agus a nuashonrú, chun go n-áireofaí tagairt ann do Chlár Cumann Síceolaithe Éireann (Psychological Society of Ireland, PSI) um Úsáid Tástálacha Síciméadracha: Treoirchomhairleoirí, a ghlacann le hinniúlacht ghairmiúil na dtreoirchomhairleoirí maidir le tástálacha síciméadracha a úsáid i scoileanna.

Féach - **https://www.education.ie/en/Circulars-and-Forms/Active-Circulars/cl0058_2019.pdf**

Tar éis athruithe san fhoreann in NCGE agus i gCumann Síceolaithe Éireann araon, d'athbhunaigh NCGE an comhoibriú le PSI chun dul i ngleic le ceisteanna a bhí fós le réiteach maidir le Clár PSI de Threoirchomhairleoirí agus tástálacha Síciméadracha a úsáid.

Féach - **www.ncge.ie/psi**

## CEDEFOP 'CareersNet'

Lean Stiúrthóir NCGE uirthi ag freastal ar agus ag glacadh páirte i gcruinnithe den líonra CareersNet agus mar bhall gníomhach den Ghrúpa Stiúrtha den líonra Cedefop CareersNet.

Féach - **www.cedefop.europa.eu/en/events-and-projects/networks/careersnet**

## Stiúrthóirí NCGE / BO&OÉ den Ghrúpa FET

In éagmais Straitéise Treorach Comhtháite FET, lean Stiúrthóirí NCGE, BO&OÉ agus FET orthu ag bualadh le chéile chun tacú le forbairtí feidhmíochta eatramhacha i soláthar seirbhísí treorach ardchaighdeáin sna BO&O. Bhuail an grúpa seo le chéile dhá uair in 2019 chun ceisteanna éagsúla a phlé, lena n-áirítear treoir a sholáthar, CPD don fhoireann agus teacht ar chomhaontú maidir leis an Dréacht Dheiridh de chomhaontuithe RGCS Eatramhacha don Chóras Bainistíochta Treorach d'Aosaigh.

# 8. CRAOBHSCAOILEADH

**Cuireann NCGE eolas ar fáil do chliaint agus do pháirtithe leasmhara ar ról agus ar ghníomhaíochtaí NCGE trí mhodhanna éagsúla, lena n-áirítear ar a suíomh gréasáin, ar na meáin shóisialta, i bhfoilseacháin, ag cur i láthair ag comhdhálacha/taispeántais agus ag cur i láthair díreach do pháirtithe leasmhara. Cuireann NCGE rochtain ar fáil ar fhaisnéis treorach ardchaighdeáin ar feadh an tsaoil agus ar an luaineacht chun críche foghlama, mar ghné lárnach d'obair an Ionaid. Tríd an Oifigeach Cumarsáide, déanann NCGE conradh le soláthróirí seachtracha cuí chun go gcuirfidh siad seirbhísí ar fáil atá ar ardchaighdeán.**

## Príomhshuíomhanna Gréasáin NCGE & Euroguidance Éireann

Is é an príomhmhodh atá ag NCGE chun eolas a scaipeadh ná tríd a suíomhanna gréasáin.

**www.ncge.ie**

Lena n-áirítear míreanna tiomnaithe 'Lámhleabhair'

- An Lámhleabhar um Threoir Scoile
- An Lámhleabhar Treorach FET

**www.euroguidance.ie**

Coimeádtar suíomh gréasáin Euroguidance Éireann mar shuíomh chompánaigh den phríomhshuíomh gréasáin atá ag NCGE, agus soláthraíonn sé eolas i dtaca leis an obair a dhéanann Euroguidance Éireann, an Líonra Euroguidance agus soláthraíonn sé treoir do dhaltaí Éireannacha i scoileanna san Eoraip.

### Staitistic maidir le húsáid

**ncge.ie**

San iomlán bhí 37,877 cuairteoir uathúil ar an suíomh seo in 2019, méadú 46% i gcomparáid le 2018: 57,399 seisiún (+40 % vs 2018) agus 146,962 amharc leathanaigh san iomlán (+43 % vs 2018). Díobh seo, ba chuairteoirí iad 84% a bhi ag tabhairt cuairte den chéad uair (mar an gcéanna le 2018) agus cuairteoirí a bhí ag filleadh ar an suíomh a bhí i 16%.

San iomlán íoslódáladh 17,470 cáipéis on suíomh in 2019, méadú 112% vs 2018.

**euroguidance.ie**

San iomlán bhí 4,917 cuairteoir uathúil ar an suíomh gréasáin seo in 2019, méadú 29% vs 2018: bhí 6,856 seisiún (+25 % vs 2018) agus 17,317 amharc leathanaigh iomlán (+19 % vs 2018). Díobh seo, bhí 86.7% ag tabhairt cuairte den chéad uair agus cuairteoirí a bhí ag filleadh ar an suíomh a bhí i 13.3%.

San iomlán íoslódáladh 705 ón suíomh in 2018, laghdú 56% vs 2018. *Deireadh na 'céime phíolótaí' den acmhainn 'Euro-Quest' is cúis leis seo.*

## Soláthar acmhainní agus ábhar ar líne don earnáil Iar-Bhunscoile

### www.ncge.ie/school-guidance-handbook

Is lámhleabhar ar líne é an 'Treoirlámhleabhar Scoile' do threoirchomhairleoirí scoilbhunaithe. Soláthraíonn an 'Lámhleabhar' ábhar digiteach chun eolas a thabhairt agus tacú le clár treorach scoile a fhorbairt agus a sheachadadh, mar shampla, teimpléid, taifid de sheimineáir ghréasáin, físeáin agus foilseacháin taighde.

### Staitistic maidir le húsáid

San iomlán in 2019 bhí 17,598 amharc leathanaigh ar an Lámhleabhar

### www.ncge.ie/wsg/resources

Ag leanúint ón gclár píolótach rathúil Creat Treorach Scoile Uile in 2018 agus mar fhreagairt ar iarratais ó scoileanna le linn na himeachtaí CPD in 2019, lean NCGE air acmhainní cuí a fhorbairt le húsáid i scoileanna chun an treoir scoile uile a iniúchadh, mar aon le ceistneoirí ar féidir iad a úsáid go díreach le daltaí.

### Staitistic maidir le húsáid

San iomlán in 2019 bhí 9,309 amharc leathanaigh ar an mír 'Acmhainní WSG' de shuíomh gréasáin NCGE.

## Acmhainní agus ábhar ar líne a sholáthar do FET

**www.ncge.ie/fet-guidance-handbook**

I Meán Fómhair 2018, athsheoladh an **Treoirlámhleabhar FET** ar líne. Soláthraíonn sé ábhar digiteach chun eolas a thabhairt agus tacú le clár treorach FET a fhorbairt agus a sheachadadh, mar shampla, taifid de sheimineáir ghréasáin, agus faisnéis atá ábhartha do chleactóirí treorach FET.

### Staitistic maidir le húsáid

San iomlán in 2019 bhí 2,389 amharc leathanaigh den Lámhleabhar.

In 2019 lean NCGE leis an gcomhoibriú leis an ardán AONTAS Eolas Náisiúnta 'Céim in Airde', agus chuir sé naisc ar líne ar fáil do Theagmhálaithe Áitiúla AEGS de chuid BO&O, agus chuir sé cuid d'fhíseán AONTAS 'Céim in Airde' i láthair.

Féach - **https://www.onestepup.ie/information-booklet/decision/**

## Na Meáin Shóisialta

**Twitter -** twitter.com/ncgeguidance

Bhí NCGE i mbun plé le baill den Phobal Treorach trína chuntas Twitter. Roimh dheireadh 2019 bhí os cionn 1300 leantóir ar an gcuntas (i gcomparáid le 960 ag deireadh 2018); bhí sé ag gnóthú 7 leantóir breise ar an meán gach seachtain.

**Facebook -** facebook.com/EuroguidanceIreland

Bunaíodh an Leathanach Facebook NCGE Euroguidance chun gníomhaíochtaí an Ionaid Euroguidance Éireann a chur chun cinn. Roimh dheireadh 2019, bhí thart ar 1600 leantóir san iomlán ann.

## Vimeo (Acmhainní Físeáin)

**vimeo.com/ncge**

Lean NCGE air ag baint úsáide as an gcainéal Vimeo atá ag NCGE chun acmhainní físeánbhunaithe a óstáil. Bhí nasc ag dul uathu go dtí ncge.ie agus euroguidance.ie.

## Cúrsaí Treorach

**www.ncge.ie/ncge/newsletter**

IN 2019, d'fhoilsigh NCGE "Cúrsaí Treorach", leagan don Earrach agus don Gheimhreadh, an nuachtlitir / iris ina bhfuil ailt agus athbhreithniú ar sholáthar treorach san earnáil oideachais. Scríobhann an fhoireann go léir agus /nó déanann said ailt a fhoinsiú don fhoilseachán seo ar bhonn leanúnach. Bhí an tOifigeach Cumarsáide ag comhordú an phróisis, lena n-áirítear eagarthóireacht a dhéanamh ar na hailt a chuirtear isteach, dréachtchóipeanna a tháirgeadh agus bheith i mbun plé leis an bhfoireann deartha agus foilseacháin.

Chomh maith le bheith foilsithe ar líne chun é a léamh nó a íoslódáil, seoladh gach eagrán go díreach, i bhformáid r-iris chuig os cionn 4,200 síntiúsóir.

## 'Feasachán NCGE'

**www.ncge.ie/ncge/ncge-bulletin**

Le linn 2019, eisíodh an 'Feasachán NCGE' go míosúil chun cleachtóirí treorach agus páirtithe leasmhara a choimeád suas chun dáta ar obair leanúnach NCGE agus ar fhobairtí treorach ar bhonn rialta. Scaipeadh é do os cionn 4,200 síntiúsóir atá ar an bpríomhbhunachar sonarí.

## Comhdhálacha & Taispeántais

Óstálann NCGE seastáin gach bliain ag roinnt comhdhálacha agus taispeántais náisiúnta, mar shampla, an Chomhdháil IGC bhliantúil agus an taispeántas Roghanna Ardleibhéil. Tríothu seo, bíonn rochtain dhíreach ar NCGE ag Treoirchomhairleoirí agus ag Cliaint eile den Ionad. Chomh maith le seastáin agus spásanna taispeántais a óstáil ag imeachtaí náisiúnta, tugtar cuireadh do NCGE agus do bhaill foirne NCGE cur i láthair a dhéanamh agus páirt a ghlacadh i mórán imeachtaí idirnáisiúnta gach bliain.
***Tá tagairt shoiléir déanta do roinnt samplaí díobh seo cheana féin ar lch 16 den Ráiteas seo.***

## Aistriúcháin Ghaeilge

**www.ncge.ie/ncge/acmhainni-gaeilge**

In 2019, chríochnaigh NCGE an próiseas tairisceana leis an Oifig um Sholáthar Rialtais (Office of Government Procurement, OGP) chun soláthar sheirbhísí aistriúcháin Ghaeilge do NCGE a dheimhniú. Le linn 2019, bhí NCGE ag obair leis an aistrithóir nua ar conradh, chun cinnte a dhéanamh de go mbeadh eolas agus acmhainní ar fáil as Gaeilge, lena n-áirítear

- Ailt as an Treoirlámhleabhar Scoile **https://www.ncge.ie/school-guidance-handbook**
- 2 x eagrán de 'Chúrsaí Treorach' **www.ncge.ie/ncge/newsletter**

- An Ráiteas Aschuir NCGE do 2018 **www.ncge.ie/ncge/reporting**
- Litreacha comhfhreagrais éagsúla eile.

Lean NCGE air leis an gcomhaontú comhpháirtíochta seanbhunaithe le **Tairseach Gairme** don fhorbairt leanúnach de **www.saoloibre.ie** agus d'acmhainní bainteacha. Cuireann an chomhpháirtíocht seo forbairt acmhainní as Gaeilge chun cinn do Threoirchomhairleirí agus dá ndaltaí. Rinneadh obair bhreise chun próifíliú a dhéanamh ar ghairmeacha ina n-úsáidtear an Ghaeilge, agus cuireadh béim faoi leith ar dheiseanna san Eoraip.

## Forbairtí TFC in NCGE

### Feidhmiúlacht bhreise ar phríomhshuíomh NCGE

Ar aon dul leis an sprioc straitéiseach chun cinnte a dhéanamh de go mbainfear úsáid as TFC más féidir agus más cuí agus í a chur chun cinn, in 2019 lean NCGE ag cur le feidhmiúlacht suímh gréasáin NCGE, lena n-áiríodh:

- Cur le húsáid an 'spáis chruinnithe' sábháilte. Tacaíonn an t-achar ar líne seo le hobair na gcoistí a thionólann NCGE, lena n-áirítear an Coiste um Threoir a Bhainistiú, na Stiúthóirí Staidéir Treoirchomhairleoireachta agus eile.
- Ag cur riachtanais RGCS san áireamh; ag baint úsáide as foirmeacha nua agus leathanaigh suirbhé nua chun eolas a bhailiú ó pháirtithe leasmhara ar bhealach cuimhsitheach agus sábháilte.

### Uirlisí breise a úsáideadh

In 2019, aistríodh cúrsaí riaracháin agus nósanna imeachta go dtí 'Microsoft 365', ardán táirgiúlacha néalbhunaithe.

## Tuairisciú

Le linn 2019, lean NCGE air ag soláthar cáipéisí eolais agus faisnéise ar threoirchomhairleoireacht agus ar shaincheisteanna treorach do ROS. Chuir NCGE eolas ar fáil freisin do SOLAS agus do Ranna agus Gníomhaireachtaí eile. Mar chuid de riachtanais chistithe Erasmus+ de chuid Euroguidance, chuir NCGE tuairisc eatramhach maidir le gníomhaíochtaí do 2018 – 2020 faoi bhráid an Ardstiúrthóra Fostaíochta, Gnóthaí Sóisialta & Ionchuimsithe den Aontas Eorpach. Lean NCGE le cúrsaí comhlíonta maidir le tuairiscí éagsúla a chur faoi bhráid ROS agus ranna Rialtais eile ar chúrsaí ar nós airgeadas, an timpeallacht, éifeachtúlacht fuinnimh, soláthar agus ceisteanna pairlaiminte, srl.

# 9. FÓRAM NÁISIÚNTA TREORACH

Cuireann an Fóram Náisiúnta Treorach áis chumarsáide neamhfhoirmiúil agus chomhoibrithe ar fáil dóibh siúd atá i mbun treoir a sholáthar mar aon le tacú le cleachtóirí agus le seirbhísí treorach a fhorbairt. I measc rannpháirtithe tá eagraíochtaí agus daoine aonair a chuireann soláthar ar fáil sna hearnálacha oideachais agus fostaíochta poiblí araon. Rinne NCGE dhá chruinniú a chomhordú agus a óstáil den Fhóram Náisiúnta Treorach in 2019 ar 1 Bealtaine agus ar 11 Samhain 2019, sa Túr Cloig, ROS. Tá cláir oibre, cuir i láthair agus tuairiscí ó gach cruinniú le fáil ar shuíomh gréasáin NCGE.

Féach - **www.ncge.ie/national-forum-guidance**

# 10. SAORÁIL FAISNÉISE & NOCHTUITHE COSANTA

Tá NCGE faoi réir an Achta um Shaoráil Faisnéise le héifeacht ó 31 Bealtaine 2006. Féach **www.ncge.ie/ncge/foi-aie-protected-disclosures**

De réir Mhír 22 den Acht um Nochtuithe Cosanta 2014, ní mór tuairisc a fhoilsiú gach bliain maidir le líon na nochtuithe cosanta a rinneadh sa bhliain roimhe sin agus aon ghníomh a rinneadh mar fhreagairt ar a leithéid de nochtadh.

*Ní bhfuair NCGE aon nochtadh cosanta sa tréimhse thuairiscithe suas go dtí 31 Nollaig 2019.*

**Rochtain ar thuairisc 2019**

# 11. TUAIRISC AIRGEADAIS

## Cistiú NCGE

Cuireann Aonad Polasaí Curaclaim agus Measúnaithe (Curriculum and Assessment Policy, CAP) de chuid ROS bunchistiú ar fáil do NCGE.
San áireamh leis seo tá cistiú do Chlár Treorach na Scoileanna Eorpacha thar ceann ROS.

Cuireann SOLAS an deontas ar fáil do NCGE chun na tacaíochtaí agus na forbairtí a chistiú don treoir atá bunaithe san FET, lena n-áirítear CDP AEGI and treoir eile atá bunaithe san earnáil bhreisoideachais laistigh de BO&O agus san earnáil FET i gcoitinne.

Déanann NCGE an tIonad Euroguidance Éireann a óstáil agus a bhaintistiú. Faigheann an tIonad comhchistiú ón deontas CEP de chuid na ROS agus ón gCoimisiún AE. Ba é 2019 an bhliain eatramhach den chistiú 3 bliana ilbhliantúil do Euroguidance 2018-2020.

## Achoimre ar Chuntais NCGE 2019

San áireamh sa chaiteachas thíos tá tacaíocht ó NCGE do ROS agus SOLAS d'fhorbairtí a bhaineann le polasaí, agus comhordú cláir threorach sna hearnálacha iar-bhunscoile agus FET, agus iad a sheachadadh.

Cuirtear tuairiscí mionsonraithe ar fáil go ráithiúil agus go bliantúil trí thuairisceáin ioncaim agus chaiteachais a chur faoi bhráid ROS, Bord Léargas agus na tuairisceáin airgeadais chuí a chur faoi bhráid an Choimisiúin AE le haghaidh clár atá cistithee ag an AE.

**Achoimre ar Chuntais NCGE mar atá leagtha amach i gcuntais iniúchta de chuid Léargas:**

| | ***Ioncam Euro*** | ***Caiteachas Euro*** |
|---|---|---|
| AONAD CAP ROS | 600,000 | 536,826 |
| SOLAS | 278,000 | 278,000 |
| Iomlán Eile *(Euroguidance san áireamh)* | 38,473 | 101,647 |
| **Iomlán** | **939,080** | **916,473** |

# FOIREANN NCGE IN 2019

| | |
|---|---|
| **Jennifer McKenzie** | **Stiúrthóir** |
| | |
| **Carol Guildea** | **Comhordaitheoir an Chláir Threoraigh (Iar-Bhunscoile)**<br>(Ceaptha Lúnasa 2019) |
| | |
| **Mary Stokes** | **Comhordaitheoir an Chláir Threoraigh (FET)** |
| | |
| **Orla Ní Cheallaigh** | **Oifigeach Treorach (Euroguidance)**<br>(Ceaptha Meán Fómhair 2019) |
| | |
| **David Cullen** | **Oifigeach Cumarsáide** |
| | |
| **Jean Rafferty** | **Riarthóir Oifige** |
| | |
| **Luke Dunne** | **Riathóir an Chláir Treoraigh** |

# COMHALTAÍ AN CHOISTE NCGE UM THREOIR A BHAINISTIÚ

| ***Paul King*** | ***DCU (Cathaoirleach)*** |
|---|---|
| | |
| *Jennifer McKenzie* | **NCGE (ex Officio)** |
| | |
| *Karen Murtagh* | **ROS** |
| | |
| *Seán P O'Briain* | **ROS** |
| | |
| *Jim Mullin* | **Léargas** |
| | |
| *Máire Quinn* | **Léargas** |
| | |
| *Josephine McGread* | **AGA** |
| | |
| *Justin McGree* | **IGC** |
| | |
| *Kathy Finnegan* | **NAPD** |
| | |
| *Roisin Doherty* | **SOLAS** |
| | |
| *Fiona Davis* | **HEA** |
| | |
| *Mary B. Ryan* | **DSGC** |
| | |
| *Stephen Fitzgerald* | **RGFCS** |
| | |
| *Joe Cunningham* | **BO&OÉ** |

# Gluais

| | |
|---|---|
| AEGAI | Adult Educational Guidance Association Ireland |
| AEGI | Adult Educational Guidance Initiative |
| AEGS | Adult Education Guidance Services |
| AGMS | Adult Guidance Management System |
| CAP | Curriculum and Assessment Policy Unit (DES) |
| CDETB | City of Dublin Education and Training Board |
| CPD | Continuing Professional Development |
| CTC | Community Training Centre |
| DEASP | Dept. Employment Affairs and Social Protection |
| DEIS | Delivering Equality of Opportunity in Schools |
| DES | Dept. Education and Skills |
| DSGC | Directors of Studies in Guidance Counselling |
| EAAL | European Agenda for Adult Learning |
| ELGPN | European Lifelong Guidance Policy Network |
| ENIC | European Network of National Information Centres |
| EPALE | Electronic Platform for Adult Learning in Europe |
| EQUAVET | European Quality strategies in Vocational Education and Training |
| EQF | European Qualifications Framework |
| EURES | European Employment Services |
| ETB | Education and Training Board |
| ETBI | Education and Training Boards Ireland |
| FET | Further Education and Training |
| HEA | Higher Education Authority |
| IAEVG | International Association for Educational and Vocational Guidance |
| IGC | Institute of Guidance Counsellors |

| | |
|---|---|
| ILSA | Irish Learning Support Association |
| LESN | Local Employment Support Network |
| MGC | NCGE Management of Guidance Committee |
| NALA | National Adult Literacy Agency |
| NARIC | National Academic Recognition Information Centre |
| NEPS | National Educational Psychological Services |
| PSI | Psychological Society Ireland |
| QQI | Quality and Qualifications Ireland |
| SOLAS | An tSeirbhís Oideachais Leanúnaigh agus Scileanna. |
| TCA | Transnational Cooperation Activity |
| VLE | Virtual Learning Environment |

# AGUISÍN – PLEAN STRAITÉISEACH NCGE (MEITHEAMH 2019 – NOLLAIG 2020)

**Brollach**

Chuir an Roinn Oideachais & Scileanna (ROS) in iúl do NCGE go bhfuil sé beartaithe ag an Aire téarma an Choiste reatha Bainistíochta um Threoir a Bhainistiú a shíneadh go dtí **31/12/2020** agus d'fhéadfadh sé go go mbeidh síneadh eile ann mar is cuí.

Bheartaigh MGC NCGE Plean Straitéiseach NCGE 2015-2017 to dtí deireadh 2018 ag brath ar thoradh an Athbhreithnithe Indecon[1] de chuid ROS ar Eolas Gairme agus Uirlisí.

Leagtar amach Plean Gníomhaíochta ROS don Oideachas 2019 in:

Sprioc 4- *Gníomh 55:*"Tascfhórsa forfheidhmiúcháin a bhunu laistigh den ROS chun na leasuithe molta a chur chun cinn a eascraíonn ón athbhreithniú ar an ngairmthreoir"

*Gníomh 55.2:* *Na gníomhartha eile sa tuairisc Indecon,* athbhreithniú ar an ngairmthreoir, *a chur in ord tosaíochta maidir le conas is féidir iad a chur chun cinn agus na gníomhartha tosaíochta sin a chur chun cinn.*

.

Tar éis don ROS an Tuairisc Athbhreithnithe seo a fhoilsiú in Aibreán 2019, tá MGC ag feitheamh ar chinntí an Tascfhórsa ROS ar na tosaíochtaí a comhaontaíodh. Sa chomhthéacs seo, tá MGC ar an eolas go hiomlán go bhfeádfadh sé tarlú go mbeidh sé riachtanach athbhreithniú a dhéanamh ar an bplean reatha seo, ag brath ar chinntí ROS.

**Spriocanna Forbartha Inmharthana de chuid Rialtas na hÉireann**

Faoi mar a thuigfeá, tacaíonn an Treoir ar feadh an tsaoil, le daoine aonair roghanna cuí a dhéanamh maidir lena ngairm, an oideachas agus le cosán an tsaoil. Cintiníonn bunphrionsabail na treorach go mbeidh neamhchlaontacht ann agus go dtacófar le deiseanna oideachais do chách.

De réir Rúin na Comhairle AE 2008 [2] maidir le **straitéisí foghlama ar feadh an tsaoil a chomhcheangail leis an treoir ar feadh an tsaoil ar bhealach níos fearr**:

"…. *sainmhíniú ar an treoir ag déanamh tagartha do phróiseas leanúnach a chuireann ar chumas saonánaigh ag aois ar bith agus ag pointe ar bith ina saol, an acmhainneacht, an inniúlacht atá iontu agus na rudaí is spéis dóibh, a aithint chun cinntí oideachais, oiliúna agus gairme a dhéanamh agus chun bainistíocht a dhéanamh ar a gcosáin foghlama, oibre agus timpeallachtaí eile sa saoil ina bhfoghlaimítear agus /nó ina mbaintear úsáid as an acmhainneacht agus as an inniúlacht sin..."*

De réir riachtanais Rialtais na hÉireann agus chun Spriocanna Forbartha Inmharthana NA a bhaint amach, tacaíonn Plean Straitéiseach NCGE 2019-2020 le polasaí agus le cleachtadh treorach inmharthana a fhorbairt ar aon dul le Sprioc Forbartha Inmharthana (SDG) 4, SDC 5 augs SDG 8, leagtha amach thíos mar is cuí.

- **Sprioc 4.** *Oideachas ardchaighdeáin ionchuimsitheach agus cothrom a chinntiú agus deiseanna foghlama ar feadh an tsaoil a chur chun cinn do chách.*[3]
- **Sprioc 5.** *Comhionannas inscne a bhaint amach agus gach bean agus cailín a chumasú*[4]
- **Sprioc 8**. *Fás eacnamaíoch leanúnach inmharthana ionchuimsitheach a chur chun cinn, lánfhostaíocht táirgiúil agus obair chuibhiúil do chách*[5]

**PLEAN STRAITÉISEACH NCGE 2019-2020**

Feidhmeoidh Plean Straitéiseach NCGE ó **Mheitheamh 2019 – Nollaig 2020.**

A leanas tá Fís, Misean agus Aidhmeanna Plean Straitéisigh NCGE mar atá athbhreithnithe agus comhaontaithe ag ROS agus ag an MCG.

---

[1] Bhuaigh Indecon conradh tairgthe ROS in 2018 chun an t-athbhreithniú ar Fhaisnéis agus ar Uirlisí Ghairme a dhéanamh a bhí éilithe ag ROS

[2] https://eur-lex.europa.eu/LexUriServ/LexUriServ.do?uri=OJ%3AC%3A2008%3A319%3A0004%3A0007%3AEN%3APDF

[3] *https://sdg4education2030.org/the-goal*

[4] https://sustainabledevelopment.un.org/sdg5

[5] https://sustainabledevelopment.un.org/sdg8

**FÍS**
**Polasaí agus cleachtadh treorach** a stiúradh agus cruth a chur air chun an foghlaimeoir a chumasú roghanna eolasacha agus cuí a dhéanamh ar feadh an tsaoil.

**MISEAN**
**Polasaí agus cleachtadh treorach** agus soláthar treorach ardchaighdeáin a fhorbairt, tacú leis, agus tionchar a imirt air san earnáil oideachais agus oiliúna mar chuid den fhoghlaim ar feadh an tsaoil de réir deachleachtais náisiúnta agus idirnáisiúnta.

**AIDHMEANNA**
Bunaíodh an Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas (NCGE) in 1995 agus feidhmíonn sé faoi choimirce Léargas.

Airítear in aidhmeanna NCGE, mar atá leagtha amach ag ROS:

- Cur i bhfeidhm deachleachtais threoirchomhairleoireachta a chur chun cinn i scoileanna, in ionaid oideachais, agus i dtimpeallachtaí Breisoideachais agus Oiliúna (FET).
- Cur i bhfeidhm deachleachtais threoirchomhairleoireachta a chur chun cinn i dtimpeallachtaí neamhfhoirmiúla de réir tosaíochtaí náisiúnta
- Comhairle a thabhairt ar pholasaí agus ar straitéisí chun leanúntas treorach a chur chun cinn i gcomhthéacs na foghlama ar feadh an tsaoil
- Comhairle, tacaíocht, ábhar agus acmhainní a sholáthar don treoirchomhairleoireacht san oideachas agus san FET
- Comhairle a thabhairt threoirchomhairleoireacht thosaigh ardchaighdeáin agus ábhartha i réimse an oideachais agus an oiliúna, agus forbairt ghairmiúil leanúnach (CPD) a chur ar fáil do chleachtóirí.
- Soláthar treorach a eagrú d'Éireannaigh i Scoileanna Eorpacha.
- Cur leis an malartú faisnéise ar sholáthar agus ar chleachtadh treoirchomhairleoireachta le seirbhísí treorach agus fostaíochta eile, tríd an Ionad Acmhainní Náisiúnta (Ionad Euroguidance) in Éirinn agus i mballstáit eile den AE araon.

Agus a aidhmeanna a chomhlíonadh agus mar chuid de Léargas, tá NCGE tiomanta do bheith ag obair i gcomhar agus i gcomhpháirtíocht le páirtithe leasmhara ábhartha, lena n-áirítear ROS, SOLAS, Stiúrthóirí Staidéir Treoirchomhairleoireachta (DSGC), Institiúid na dTreoirchomhairleoirí (IGC), na Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann (BO&OÉ), an Cumann um Threoir d'Aosaigh (AGA), an tÚdarás um Ard-Oideachas (HEA), Cumann Náisiúnta na bPríomhoidí agus na Leaspríomhoidí (NAPD), an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí (RGFCS), agus gníomhaireachtaí Náisiúnta agus Fostóra más cuí.

**ROS – Comhaontú Seachadta Feidhmíochta Léargas/NCGE**
Ag cur príomhspriocanna NCGE san áireamh, sa Chomhaontú Seachadta Feidhmíochta ROS (PDA), a comhaontaíodh le Léargas/NCGE i mí na Nollag 2019, leagtar amach an méid seo a leanas: -

- Tá sé ráite go soiléir sa PDA de chuid ROS go bhfuil ROS freagrach as polasaí uileghabhálach don earnail FET, an treoir san áireamh
- Déanfaidh SOLAS maoirseacht agus measúnú ar sholáthar treorach agus tugfaidh sé cistiu d'obair NCGE chun tacú le cur i bhfeidhm na tosaíochtaí straitéiseacha den Straitéis FET mar a bhaineann sé leis an Treoir. San áireamh leis seo tá comhaontú ar chistiú bliantúil agus ar phleananna oibre

Ar lean/…

- Beidh NCGE freagrach as an méid a leanas: -
  - Bheith ina ionad barr feabhais don treor sna hearnálacha Iar-Bhunscoile agus Breisoideachais
  - Bheith páirteach i gcruinnithe comharbais an Líonra um Pholasaí Treorach ar Feadh an tSaoil Eorpach (European Lifelong Guidance Policy Network, ELGPN), nó cruinnithe eile de chuid an Choimisiúin AE maidir le treoir ar feadh an tsaoil

- Ag leanúint le hacmhainní agus tacaíochtaí a fhorbairt agus a sheachadadh sa Chlár Pleanála Treorach na Scoile Uile (Whole School Guidance, WSG) ag cur Ciorclán ROS 09/2012 san áireamh
- Ag leanúint mar bhall gníomhach de ghníomhaíochtaí an líonra Euroguidance
- Plean Straitéiseach a fhorbairt do NCGE do 2019 - 2020
- Tuilleadh cruinnithe den Fhóram Náisiúnta um Threoir a chomhordú agus a óstáil
- Príomhghníomhartha a sheachadadh mar atá leagtha amach sa Phlean Gníomhaíochta don Oideachas

**Plean Straitéiseach NCGE 2019-2020**
*Eolas a thabhairt do pholasaí ROS agus tacú le forbairt agus le cur i bhfeidhm cleachtaidh treorach ardchaighdeáin in Iar-Bhunscoileanna agus san FET de réir deachleachtais náisiúnta agus idirnáisiúnta*

**Príomhspriocanna**

- Eolas a thabhairt do, tionchar a imirt ar, tacú le agus forbairt Polasaí Treorach Ar Feadh an tSaoil de chuid ROS a éascú
- Eolas a thabhairt do, tionchar a imirt ar, tacú le cur i bhfeidhm cleachtaidh ardchaighdeáin treorach a éascú agus a fhorbairt in iar-bhunscoileanna agus san earnáil FET
- Treoirlínte, acmhainní agus ábhar a sholáthar chun tacú le polasaí agus cleachtadh treorach ardchaighdeáin a fhorbairt
- Béim Eorpach agus Náisiúnta a chur chun cinn agus tacú leis maidir le Soláthar agus Cleachtadh Polasaí Treorach
- Forbairt ghairmiúil leanúnach a chomhordú agus a fhorbairt do chleachtóirí treoirchomhairleoireachta i scoileanna agus san FET i gcomhar le páirtithe leasmhara
- Cloí le Riachtanais Comhlíonta agus Rialachais ROS

**San áireamh i bPríomhghníomhaíochtaí Straitéiseacha NCGE do 2019-2020 beidh:**

1. **Polasaí Treorach Ginearálta**
   i. Eolas a thabhairt do agus comhoibriú le ROS ar ghníomhartha tosaíochta a comhaontaíodh ó na moltaí a tháinig as Athbhreithniú ROS ar Fhaisnéis agus Uirlisí Gairme
   ii. Eolas a thabhairt do agus comhoibriú le ROS ar ghníomhartha tosaíochta maidir le polasaí agus cleachtadh treorach náisiúnta leanúnach sna hearnálacha Oideachais agus FET
   iii. Páirt a ghlacadh agus ionadaíocht a dhéanamh ar son ROS ag leibhéal an AE agus idirnáisiúnta chun Polasaí Treorach Ar Feadh an tSaoil a fhorbairt agus chun eolas a thabhairt do chinntí polasaí náisiúnta
   iv. Tacú le ROS sa phróiseas leanúnach den Chreat um Aitheantas Cláir
   v. Dul i mbun caidrimh thar ceann ROS, leis an Roinn Sláinte ar chlárú CORU do Chomhairleoirí agus do Shíciteiripeoirí
   vi. Eolas a thabairt do agus dul i mbun plé le ROS ar phleanáil bunaithe ar fhianaise ina n-áireofar taighde agus tionscadail phíolótacha mar is cuí

2. **Clár Ginearálta**
   i. Coistí éagsúla a thionól, a óstáil agus cathaoirleacht a dhéanamh orthu thar ceann ROS chun eolas a thabhairt don pholasaí treorach (m. sh. an Coiste Comhairleach ar Thástáil Shíciméadrach, Coiste na Stiúrthóirí Staidéir Treoirchomhairleoireachta)
   ii. Grúpaí oibre éagsúla a thionól, a óstáil agus cathaoirleacht a dhéanamh orthu mar is cuí, le ROS agus le páirtithe leasmhara eile chun eolas a thabhairt don chleachtadh treorach ardchaighdeáin agus é a fhorbairt
   iii. An Fóram Náisiúnta um Threoir a óstáil dhá uair sa bhliain
   iv. Páirtithe leasmhara ábhartha a chur ar an eolas, tionchar a imirt orthu, comhairle a chur orthu agus comhoibriú leo chun tacú le forbairt cleachtadh treorach ardchaighdeáin a fhorbairt sna hearnálacha Oideachais agus FET
   v. Forbairt Ghairmiúil Leanúnach a chur ar fáil chun tacú le soláthar treorach ardchaighdeáin do chleachtóirí treorach i scoileanna agus san FET.

**3. Treoir Iar-Bhunscoile**

i. Cláir CPD ar an gCreat WSG a rolladh amach go náisiúnta in iar-bhunscoileanna
ii. Céim 2 den Tionscadal Píolótach ar WSG a chur i bhfeidhm
iii. Tuilleadh acmhainní ar líne a fhorbairt do Pholasaí agus Soláthar Treorach Iar-Bhunscoile
iv. Naisc a bhunú le gníomhaireachtaí ábhartha chun tuilleadh tacaíochtaí agus acmhainní a fhorbairt do scoileanna
v. Macnnamh agus plé a dhéanamh ar chóras bailithe sonraí a fhorbairt don treoir in iar-bhunscoileanna, i gcomhar le ROS
i. Luaineacht Eorpach a chur chun cinn i scoileanna trí na modúil *Euro-Quest* don Idirbhliain i gcomhar le Euroguidance
vi. Tionscadal píolótach a mheas agus a phlé le DDELTB maidir le treoirlínte chun EAL a nascadh leis an Treoir i scoileanna

**4. Treoir FET**

ii. Eolas a thabhairt do ROS agus SOLAS agus tionchar a imirt orthu maidir le Straitéis Treorach FET, lena n-áirítear plé níos leithne a dhéanamh ar riachtanais treorach na hearnála FET
iii. Comhoibriú le BO&OÉ agus na BO&O maidir le tacú le agus soláthar treorach ardchaighdeáin a fhorbairt ar aon dul le Straitéis Treorach FET.
iv. Athbhreithniú, leasú agus athfhorbairt a dhéanamh ar an gCóras Bainistíochta um Threoir d'Aosaigh (AGMS) mar Chóras Bainistíochta Treorach FET, lena n-áirítear togra chun cistiú a sholáthar don fhorbairt náisiúnta, mar atá sé comhaonaithe le SOLAS
v. Acmhainní ar líne a sholáthar don treoir FET
vi. Luaineacht Eorpach a chur chun cinn i gcomhar le Euroguidance
vii. Tionscadal píolótach a phlé le DDELTB maidir le treoirlínte do naisc EAL don Treoir san FET
viii. Eolas a thabhairt chun treoirlínte cuí a fhobairt chun go mbeidh comhoibriú ann idir an treoir agus RPL

**5. Clár Eorpach**

i. Tuairisc ar ghníomhaíochtaí Euroguidance a sheachadadh de réir riachtanais an Choimisiúin AE
ii. Comhoirbiú le QQI – EUROPASS de réir treoirlínte an Choimisiúin AE agus tosaíochtaí náisiúnta
iii. Páirt a ghlacadh i nGrúpa Coimhairleach EUORPASS de cuid an Choimisiúin AE, i gcomhar le QQI
iv. Luaineacht Eorpach a chur chun cinn i gcomhar le cláir Iar-Bhunscoile agus FET i NCGE.
v. Páirt gnhíomhach a ghlacadh i ngníomhaíochtaí Líonra EG trí ghrúpaí oibre, cuairteanna staidéir a óstáil agus páirt a ghlacadh iontu
vi. Seirbhís treorach a chomhordú agus a sheachadadh do Scoileanna Eorpacha, thar ceann chigireacht ROS, ag cur san áireamh tuairisc uilghabhálach Athbhreithnithe agus Moltaí chun an tSeirbhís a fhorbairt ó 2020 ar aghaidh

**6. Cumarsáid in NCGE**

i. Acmhainní ar líne a sholáthar tríd na suíomhanna gréasáin (NCGE agus Euroguidance)
ii. Feasachán míosúil NCGE a sheachadadh
iii. Páirtithe leasmhara agus cliaint a chur ar an eolas maidir le saincheisteanna a bhaineann le polasaí agus cleachtadh treorach idirnáisiúnta, Eorpach agus Náisiúnta, trí thuairiscí ginearálta agus tríd an iris ar líne 'Cúrsaí Treorach' a fhoilsítear dhá uair sa bhliain
iv. Bunachar sonraí teagmhála NCGE a choimeád de pháirtithe leasmhara treorach náisiúnta agus idirnáisiúnta

**7. Soláthar Foirne, Rialacha agus Riarachán**

i. Tacú le Foireann NCGE Córas Bainistíochta Feidhmíochta cuí a chur san áireamh, mar aon le CPD agus pleanáil chomharbais
ii. Tuairiscí do ROS a chomhlánú agus a chríochnú de réir nósanna imeachta ROS.
iii. Comhoibriú laistigh de Léargas chun cinnte a dhéanamh de go gcomhlánaítear polasaithe riaracháin, airgeadais agus AD agus go gcloítear leo, Iniúchadh Inmheánach san áireamh
iv. Córais oifige TFC de chuid NCGE a uasghrádú go dtí Microsoft 365
v. Cinnte a dhéanamh de go bpléitear Comhlíonadh Rioscaí ag gach cruinniú MGC a reáchtáiltear
vi. Tuairisciú do Bhord Léargas mar is cuí

*Plean Straitéiseach NCGE 2019-2020*
*Comhaontaithe 18 Nollaig 2019*